
ÁNEÉ

Áras Nua-Ealaíne na hÉireann

Tuarascáil Bhliantúil 2016



**Áras
Nua-
Ealaíne
na
hÉireann**

Clár Ábhar

Brollach leis an gCathaoirleach	2
Brollach leis an Stiúrthóir	4
Tacú le ÁNEÉ	8
Clár 2016	10
Taispeántais agus Tionscadail	11
Cláir a fhairsingiú de bhreis ar Spás na Dánlainne	14
Bailiúchán ÁNEÉ	19
Rannpháirtíocht agus Foghlaim	24
An Lucht Féachana agus Forbairt	25
Gníomhaíochtaí Tráchtála	33
Aguisín 1 – Éadálacha Nua 2016	24
Aguisín 2 – Freastal ar Chruinnithe an Bhoird 2016	36
Ráitis Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2016	42

Brollach leis an gCathaoirleach

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil ÁNEÉ don bhliain 2016 a chur i láthair.

Ba í seo ár gcéad bhliain seirbhíse dom féin, agus do go leor de chomhaltaí an Bhoird, agus cuireadh roinnt dúshláin nua romhainn agus baineadh roinnt buaicphointí iontacha amach lena linn.

In 2016, tháinig borradh ar líon na gcuairteoirí chuig ÁNEÉ agus baineadh leibhéal amach nach raibh coinne leo a bhuíochas le sraith nua taispeántas ar dhíol suntais í, *Bailiúchán ÁNEÉ: Tionscadal Freud*, le saothar nua a choimisiúnú le healaíontóirí móra Éireannacha agus idirnáisiúnta, agus Ceiliúradh Dheich mBliana na gCuimhneachán a chuimsigh láithreán stairiúil Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann. D'fháiltíomar roimh bhreis agus 580,000 cuairteoir le bliain anuas ag ÁNEÉ agus ba é an dara díol spéise ba mhó ar tugadh cuairt uirthi in Éirinn dá bharr.

B'ócáid ar dhíol mór suntais í seoladh thaispeántas Freud leis an Aire Heather Humphreys i nDeireadh Fómhair. D'fhreastail breis agus 1,200 duine ar an imeacht oscailte chun ceiliúradh a dhéanamh ar roinnt saothar le duine de na healaíontóirí is fearr sa nua-aois a tugadh ar iasacht le ÁNEÉ. Níor taispeánadh go leor de na saothair seo roimhe seo agus, a bhuíochas le flaithiúlacht na n-iasachtóirí, is féidir le gach duine dár gcuairteoirí taitneamh a bhaint astu go dtí 2021. Chruthaigh sé tairbhe mhór do gach duine a bhí páirteach a a thabhairt faoi deara gur tháinig bláthú ar an tasc uailmhianach seo agus táimid ag súil leis an tionscadal a fhorbairt le healaíontóirí agus an lucht féachana sna blianta amach romhainn.

Chomh maith leis sin, ghlac ÁNEÉ páirt sa cheiliúradh náisiúnta a rinneadh ar chomóradh céad bliain Éirí Amach 1916. Rinneadh roinnt coimisiúnú uailmhianach ealaíontóirí i rith na bliana, agus rinne gach ceann díobh machnamh ar ról an ama atá imithe thart chun tuiscint a fháil ar aonán na hÉireann, faoi mar atá sa lá atá inniu ann. Rinne an breithniú cumhachtach leis an ealaíontóir Briotanach-Seapánach, Simon Fujiwara, ar bheathaisnéis Roger Casement agus ar shaothar an ealaíontóra Éireannaigh, Jaki Irvine, *If the Ground Should Open*, a chuaigh i ngleic le rannpháirtíocht na mban san Éirí Amach.

Ba mhaith liom mo bhuíochas féin ó chroí, agus buíochas an Bhoird, a chur in iúl as ucht na tacaíochta cineálta a thug go leor daoine aonair agus eagraíochtaí ar ar bhrath an rath a bhí orainn go mór. Bhain ríthábhacht leis an tacaíocht leanúnach thréan a thug an tAire agus a Roinn i dtaobh ár gcumais chun doimhne agus uailmhian ár gclár a chur i láthair, faoi mar a tugadh faoi deara in 2016. Tá ÁNEÉ an-bhuíoch de na healaíontóirí, na músaeim, dánlanna agus go leor comhpháirtithe a d'oibrigh linn i gcaitheamh na bliana chun seo a bhaint amach. Táimid go mór faoi chomaoin ár bpátrún, ár gcomhpháirtithe corparáideacha agus ár gcomhaltaí, chomh maith, a leanann le tacaíocht a thabhairt dúinn agus dár lucht féachana spreagtha agus méadaitheach a gcinntíonn a rannpháirtíocht dhíograiseach i ngach a ndéanaimid gurb acmhainn ríthábhachtach náisiúnta a bheidh in ÁNEÉ feasta.

Ar deireadh, ba mhaith liom mo bhuíochas pearsanta a chur in iúl i leith obair mo chomh-chomhaltaí Boird a chuireann go mór le forbairt leanúnach ÁNEÉ mar institiúid thábhachtach chultúrtha. Tá baint lárnach, dar ndóigh, i dtaobh an ratha atá orainn, ag an bhfoireann ar gach leibhéal de ÁNEÉ a chruthaíonn gairmiúlacht, fuinneamh agus saineolas i ngach gné dá n-obair. Táimid ag tnúth le hoibriú leo sna blianta amach romhainn lena chinntiú go mbainimid an t-ollchumas amach ar féidir leis an músaem agus an limistéar timpeall air a chur ar fáil do thírdhreach cultúrtha na hÉireann agus don tírdhreach cultúrtha idirnáisiúnta.

David Harvey

Cathaoirleach

Brollach leis an Stiúrthóir

Is é ÁNEÉ Institiúid Náisiúnta Chultúrtha na hÉireann don Ealaín Chomhaimseartha. I measc a chlár fhairsing agus uailmhianaigh, tá taispeántais, coimisiúnú agus tionscadail ag na healaíontóirí Éireannacha agus idirnáisiúnta is mó, anuas ar chlár saibhir rannpháirtíochta agus foghlama a sholáthraíonn, i dteannta a chéile, an deis do lucht leanúna, gan aird ar aois, chun ceangal a dhéanamh le healaín chomhaimseartha agus scaoileadh lena gcruthaitheacht. Tá an Bailiúchán Náisiúnta d’Nua-Ealaín agus Ealaín Chomhaimseartha Éireannach in ÁNEÉ, ar cuireadh tús leis i 1990 agus ina bhfuil breis agus 3,500 saothar ealaíne anois.

Déanann clár ÁNEÉ athshamhlú ar ‘an Músaem mar spás oscailte agus rannpháirtíochta a dhéanann ceangal idir daoine agus an saol comhaimseartha trí ealaín. Tugann suirbhéanna le fios dúinn go dtugann ár lucht féachana cuairt ar ÁNEÉ chun blaiseadh a fháil ar rud éigin nua agus eolas agus smaointeoireacht nua a roinnt. Tá fairsingiú tagtha ar ÁNEÉ a bhuíochas le forbairtí a rinneadh le déanaí ar an gclár thar spás na dánlainne chun láithreán iomlán ionad ÁNEÉ ag an Ospidéal Ríoga a chuimsiú agus tá clár de sheinm bheo, féilte samhraidh, bia agus garraíodóireacht ann a thugann cuireadh don lucht féachana chun teagmháil ghníomhach a dhéanamh le cruthaitheacht, agus soláthraíonn sé spás chun díospóireacht a dhéanamh, spreagadh a fháil agus páirt a ghlacadh.

Tá lucht féachana mór agus tiomanta ag ÁNEÉ. Tá méadú 90% tagtha ar líon na gcuairteoirí i bpearsan ó 2014 ar aghaidh. Thug 584,000 duine cuairt ar ÁNEÉ in 2016 agus bhí sé ar an dara díol spéise saor in aisce ba mhó ar tugadh cuairt air in Éirinn in 2016 dá bharr. Tá ár lucht féachana óg agus eolach ar chúrsaí digiteacha, agus tá breis agus 60% dár gcuairteoirí 44 bliain d’aois agus tá mórchuid idirchaidrimh á dhéanamh trínár gcainéil mheán sóisialta.

Is í an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta príomh-mhaoinitheoir ÁNEÉ. Tá ÁNEÉ fiontrach agus fiontraíoch. Cuireann ioncam a thiomsaítear trí thacaíocht chorparáideach agus dhaonchairdiúil agus gníomhaíochtaí tráchtála a gcuireann ÁNEÉ tús leo ar ár láithreán, lenár ndeontas i gcabhair. In 2016, chruthaigh seo ioncam €1.5 milliún agus b’ionann sin agus 24% dár láimhdeachas. Cistítear ár gclár uailmhianach trínár n-ioncam forbartha, a thiomsaítear trínár gcomhpháirtíochtaí corparáideacha agus daonchairdiúla, agus tiomsaítear ár n-ioncam tráchtála ar an láithreán trí ionad a fhrúiliú, miondíol agus lónadóireacht.

Ealaíontóirí agus an Lucht Féachana

Ba bhliain thábhachtach 2016 do ÁNEÉ mar gheall gur bhain líonta na gcuairteoirí na leibhéal ab airde amach a cuireadh i dtaifead riamh le linn stair an mhúsaeim, agus rinne forbairtí nua ar chlár ÁNEÉ fiosrú breise ar acmhainn ÁNEÉ d’ealaíontóirí agus lucht féachana. Áiríodh lenár gclár don bhliain 2016 roinnt coimisiúnú tábhachtach ag ealaíontóirí Éireannacha agus idirnáisiúnta, anuas ar thaispeántais shuntasacha a dhéanann athfhrámú ar obair ealaíontóirí a rinneadh le tamall anuas. D’fháiltíomar roimh bhreis agus 580,000 cuairteoir ar láithreán ÁNEÉ i rith i mbliana agus ghlac go leor díobh páirt ní ba mhó lenár gclár trí fhreastal ar an iomaí imeacht beo, clár rannpháirtíochta, caint nó clár teaghlaigh a réachtálar. Lean borradh ag teacht ar ghníomhaíocht ar ár n-ardáin dhigiteacha agus bhí ár n-ábhar digiteach ar líne á léamh ag daoine, idir podchraoladh dár gcainteanna agus réamhráite físeáin lenár dtaispeántais le blaganna a rinne foireann ÁNEÉ agus iad siúd a raibh baint acu sa chlár.

Léiríodh i gclár 2016 ÁNEÉ uailmhian mhéadaitheach don institiúid, a thug go hÉirinn roinnt de na healaíontóirí idirnáisiúnta is mó a imríonn tionchar agus is mó a bhfuil cáil orthu ar domhan agus thacaigh sé le saothar nua suntasach ag roinnt ealaíontóirí Éireannacha agus idirnáisiúnta. Is ann don uailmhian seo a bhuíochas le tacaíocht an ghrúpa mhéadaithigh de bhronntóirí agus comhpháirtithe físeacha a chabhraíonn linn ár gclár a fhíorú agus le hinfheistíocht mhór a dhéanamh i mBailiúchán ÁNEÉ in 2016.

Rinneadh ceiliúradh in 2016 ar chomóradh Éirí Amach na Cásca agus rinne ÁNEÉ machnamh ar an tráth tábhachtach stairiúil seo trí fhiosrú a dhéanamh ar ról an ealaíontóra inniu chun ár sochaí chomhaimseartha a mhúnlú. Rinneamar ceiliúradh ar na smaointeoirí agus na gníomhaithe radacacha a rinne an bealach a réiteach d'athrú sóisialta misniúil, agus a rinne machnamh, i gcomhthráth, ar an bpobal ealaíonta agus cultúrtha a ghlac ról gníomhach i gcaitheamh na tréimhse a fhad le 1916. Shamhlaigh siad an chruthaitheacht i gceartlár sochaí nua 1916 agus in 2016, rinneamar machnamh ar a leagáid agus a n-idéil, a bhfuilimid ag iarraidh go leor díobh a bhaint amach go fóill inniu, breis agus céad bliain ina dhiaidh sin. I bpeirspictíocht chleachtas na n-ealaíon comhaimseartha, d'fhiafraigh ár gclár cad is féidir le healaíontóirí a insint dúinn faoinár gcomhaitheantais chultúrtha agus na sochaithe ina gcónaí inniu agus machnamh a dhéanamh, i gcomhthráth, ar an ról is féidir le healaíontóirí a ghlacadh chun cabhrú linn cuimhneamh, machnamh agus comóradh a dhéanamh

Choimisiúnaíomar roinnt ealaíontóirí móra chun saothar nua a chruthú agus a chur i láthair a léirigh leagáid stair na hÉireann mar bhealach chun tuiscint a fháil ar an am faoi láthair. Chuir an t-ealaíontóir Éireannach, Jaki Irvine, saothar nua i láthair bunaithe ar a húrscéal, *Days of Surrender* (2013), ina n-insítear scéal Elizabeth O'Farrell agus a páirtnéara, Julia Grenan, beirt bhan as cúpla céad bean a ghlac páirt ghníomhach san Éirí Amach, ach gur beag dealramh a d'fhág siad sa stair. Leag tionscadal nua an ealaíontóra Bhriotanaigh/Sheapánaigh, Simon Fujiwara, *The Humanizer* (2016) beathaisnéis iontach Roger Casement i gcroílár scannán beathaisnéise nua samhlaíthe Hollywoodbiopic. I mbliana, chomh maith, chruthaigh an t-ealaíontóir a rugadh in Éirinn, Duncan Campbell, a chéad scannán atá bunaithe i bPoblacht na hÉireann, a thosaíonn le sraith staidéir antraipeolaíocha Mheiriceánacha ar phobail tuaithe labhartha Gaeilge in Éirinn sna 1960idí agus 1970idí. Bhí gliondar croí orainn, le tacaíocht ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, gur éirigh linn an saothar nuachomisiúnaithe le Irvine agus Campbell a fháil do Bhailiúchán ÁNEÉ.

Rinne ÁNEÉ comhoibriú leis an eagraíocht ealaíon ón Ríocht Aontaithe, Grizedale Arts, i gcaitheamh 2016. Bhí cónaitheacht ag Grizedale Arts ag ÁNEÉ inár stiúideonna ó Eanáir go dtí Lúnasa, agus d'oibrigh siad le healaíontóirí, smaointeoirí, gníomhaithe agus coimeádaithe Éireannacha agus idirnáisiúnta chun tionscadal uailmhianach gníomhachtaithe a fhorbairt a bhí suite i gclós ÁNEÉ ar feadh trí seachtaine i Lúnasa. Tríd an ról a léiriú a ghlac ealaíontóirí chun fíis nua d'Éirinn a chruthú agus a chur in iúl roimh 1916, chruthaigh *A Fair Land* samhail do 'shráidbhaile'; córas nua chun maireachtáil a d'fhorbair réimse ealaíontóirí agus cleachtóirí cruthaitheacha agus sráidbhaile ina raibh ár lucht féachana in ann páirt a ghlacadh ann – chun rudaí a dhéanamh, a ithe nó a fhoghlaim. Áiríodh leis an tionscadal coimisiúnú nua le Jonathan Messe agus Suzanne Lacy anuas ar rannpháirtíocht Renzo Martens agus Tania Bruguera, arb ealaíontóirí iad go léir a sháraigh sainmhíniú agus seasamh an ealaíontóra, ar bhealaí éagsúla, maidir leis an stát, polaitíocht agus gníomhaíochas.

Cuireadh an coimisiúnú nua seo i láthair anuas ar thaispeántais aonair mhóra leis an ealaíontóir Éireannach, Patrick Hennessy, an dara staidéar inár *Sraith Máistir-Ealaíontóirí Éireannacha Nua-Ealaíne ÁNEÉ*, agus an t-ealaíontóir Iodálach, Carol Rama. Rugadh an bheirt díobh an bhliain chéanna agus níor thug limistéir oifigiúla ealaíne a linne aon aird orthu. San fhómhar, chuireamar mórthaispeántas i láthair leis an ealaíontóir Emily Jacir, a bhfiosraíonn a saothar scéalta, gluaiseacht agus frithbheartaíocht stairiúil a bhí curtha ina dtost. San fhómhar, chomh maith, le linn tionscnamh nua do choimeádaithe ar tugadh cuireadh dóibh, chuir an coimeádaí Indiach, Sumesh Sharma, agus an coimeádaí Éireannach, Kate Strain, tionscadail i láthair a léirigh a gcleachtais aonair agus a thug peirspictíochtaí nua coimeádaíochta isteach i gcomhthéacs an mhúsaeim.

Seoladh *Bailiúchán ÁNEÉ: Tionscadal Freud* i nDeireadh Fómhair 2016 a chuir tús le Tionscadal Freud a mhairfidh cúig bliana a thabharfaidh an beart saothair seo lena mbaineann tábhacht idirnáisiúnta ar iasacht le ÁNEÉ ag lár roinnt tionscnaimh mhóra chlársceidealaithe go gceann cúig bliana. Tá Lucian Freud ar dhuine de na léiritheoirí is fearr de phéintéireacht fhíorach san 20ú haois agus tá i measc na saothar atá ar

iasacht le ÁNEÉ roinnt de scoth phéintéireacht Freud, sa mhullach ar roinnt eitseálacha. Chruthóidh ÁNEÉ, a bhuíochas leis an acmhainn iontach seo, ionad taighde ar Freud ina mbeidh clár speisialta taispeántas, comhpháirtíochtaí oideachais agus siompóisiam a bhainfidh an tairbhe is mó as an deis thábhachtach seo do dhaltáí scoile Éireannacha, mic léinn tríú leibhéal, ealaíontóirí agus lucht féachana Éireannach, beag beann ar a n-aois, lena fhiosrú cén mhaitheas atá le saothair ar chuma na saothar seo a bheith san fhearann poiblí. Mar gheall ar fhad fadálach na hiasachta, féadfaidh an lucht féachana caidreamh a chothú le Freud, aithne cheart a chur ar na saothair seo agus tuiscint a fháil ar conas a rinne Freud péinteáil. Cuirfidh an clár taispeántas agus imeachtaí coimeáda atá ag teacht chun cinn ar ár gcumas ról agus leagáid Freud in ealaín an 20ú haois a fhiosrú, lenár lucht féachana agus fiosrú a dhéanamh ar an méid atá i gceist leis na saothair seo inniu i dtaobh na healaíne comhaimseartha.

Cuireann *Tionscadal Freud* go mór le Bailiúchán ÁNEÉ, agus in 2016, cuireamar an taispeántas, *Bailiúchán ÁNEÉ: Deich mBliana* i láthair, a thug léargas ar conas a d'fhorbair an Bailiúchán Náisiúnta le deich mbliana anuas. Leagadh an bhéim sa taispeántas seo ar an gcaoi nach raibh ar chumas ÁNEÉ chun saothair a cheannach do Bhailiúchán ÁNEÉ ón mbliain 2011 ar aghaidh agus an t-easnamh mór a chruthaíonn seo don ghlúin amach anseo mar gheall nach féidir le ÁNEÉ saothair a cheannach faoi láthair. Bhí gliondar croí orainn seoladh *Ciste Ealaíne Hennessy do Bhailiúchán ÁNEÉ* a fhógairt, ar tionscnamh nua é a forbraíodh i gcomhar le Hennessy Ireland chun ciste éadálacha a sholáthar do ÁNEÉ chun saothair a cheannach a rinne ealaíontóirí Éireannacha nó ealaíontóirí a chónaíonn in Éirinn le cúig bliana anuas. Fuarthas ceithre shaothar mhóra le Kevin Atherton, David Beattie, Rhona Byrne agus Dennis McNulty don Bhailiúchán sa chéad bhliain den tionscnamh. Leanfaidh an tionscnamh tábhachtach seo ar aghaidh isteach in 2017 agus ina dhiaidh sin. Ina theannta sin, cruthóidh ÁNEÉ 1000, a seoladh i rith 2016 mar fheachtas tiomsaithe airgid chun tacú le ÁNEÉ chun tacaíocht a sholáthar d'ealaín na hÉireann, chun níos mó saothair Éireannacha a cheannach don Bhailiúchán. Forbairtí tábhachtacha iad seo ach is fada an bóthar atá amach roimh ÁNEÉ go fóill sula mbeidh na hacmhainní aige a theastaíonn uaidh chun an Bailiúchán a fhorbairt go mbainfidh sé leibhéal amach atá ar chomhionann lena stádas mar Bhailiúchán Náisiúnta.

Rannpháirtíocht agus Foghlaim

Cruthaíonn clár Rannpháirtíochta agus Foghlama ÁNEÉ rochtain ar chruthaitheacht do ghrúpaí de gach aois agus ó gach cúlra. Tugann clár forleathan bun scoile agus meánscoile blaiseadh do dhaoine óga ar an ealaín chomhaimseartha trí cheardlanna agus turais a éascaítear agus tacaítear leis an obair seo trí acmhainní ar líne ar féidir le múinteoirí a úsáid sa seomra ranga. I gcaitheamh na bliana, reáchtáiltear ceardlanna do theaghlaigh agus déagóirí a fhreagraíonn ar an gclár agus a spreagann rannpháirtíocht níos doimhne le smaointí agus téamaí na saothar atá ar taispeáint. Díríonn clár rannpháirtíochta agus foghlama ÁNEÉ go háirithe ar thacú le haosú bisúil trí rannpháirtíocht ghníomhach sa chruthaitheacht agus cuireadh clár saor in aisce sa stiúideo agus clár dírithe dánlainne ar siúl dóibh siúd atá thíos le néaltrú agus dá gcúramóirí. Tá clár iomlán de chainteanna saor in aisce á reáchtáil ag ÁNEÉ a chruthaíonn deiseanna don lucht féachana, is cuma cén cúlra a bhíonn acu, chun teacht ar bhreis faisnéise agus páirt a ghlacadh sa chlár. Áiríodh leis an gclár seo os cionn 57 caint in 2016 agus d'fhreastail breis agus 5,700 duine.

Tiomsú Airgid agus Airgeadas

D'fháiltigh ÁNEÉ roimh mhéadú beag ar chistiú deontais i gcabhair in 2016 i ndiaidh roinnt blianta ina ndearnadh ciorrú suntasach a laghdaigh an cistiú 48%, ar an iomlán, ó 2008 ar aghaidh. Cuireadh fáilte roimh an méadú seo ach tá ár gcás airgeadais fíor-dhúshlánach go fóill. Braitheann ÁNEÉ faoi láthair ar a ioncam tráchtála agus forbartha €1.1 milliún a thiomsaigh sé chun gach gné dá ghníomhaíochtaí ealaíonta a fhíorú (cúram agus forbairt an Bhailiúcháin agus gach clár poiblí ina measc) sa mhullach ar chomhréir dá chroíchostais oibriúcháin. Cruthaíonn dúnadh beartaithe an Réimse Thuaidh chun tabhairt faoi athchóiriú buntábhachtach, agus an cailteanas gaolmhar ioncaim.

Tá páirt lárnach ag daonchairdeas agus urraíocht chorparáideach, ar an ábhar sin, maidir le todhchaí ÁNEÉ agus cuireann siad ioncam buntábhachtach ar fáil trínar féidir ár n-uaimhianta do chlár a fhíorú. I rith 2015, bhí ar chumas ÁNEÉ Ceann Lucht Féachana agus Forbartha nua a cheapadh. Is ról é seo a chuimsíonn cumarsáid, forbairt an lucht féachana agus tiomsú airgid agus cuirtear fáilte roimh an méadú a cuireann sé ar acmhainní inmheánacha sna limistéir ríthábhachtacha seo. Tá ÁNEÉ, áfach, ar an bhfíor-ghannchuid i dtaobh acmhainní sa limistéar seo i gcomparáid le hinstiúidí idirnáisiúnta atá ar a mhacasamhail de scála. In ainneoin na gcúinsí dúshlánacha seo, d'éirigh le ÁNEÉ borradh suntasach a chur chun cinn inár n-ioncam forbartha. Sheolamar *ÁNEÉ 1000*, tionscnamh nua tiomsaithe airgid faoi stiúir John Cunningham atá dírithe ar thabhartas aonair €1,000 a thiomsú chun tacú le hobair le healaíontóirí Éireannacha. Ag deireadh 2016, bhí go leor den aistear curtha dinn chun ár sprioc €120,000 le haghaidh bhliain 1 a bhaint amach. Chomh maith leis sin, tugtar suntas ar leith do na Comhpháirtíochtaí Corparáideacha ilbhliana ar éirigh le ÁNEÉ a chruthú le Matheson, Goodbody, The Dean Dublin, Credit Suisse agus BNP Paribas. Chomhlíon an tacaíocht an-tairbheach seo ról criticiúil chun cabhrú le ÁNEÉ a uaimhianta a bhaint amach in 2016. Táimid go mór faoi chomaoin ár lín mhéadaithigh de chomhaltaí corparáideacha agus aonair a thacaigh le ÁNEÉ i rith 2016; baineann buntábhacht lena dtiomantas físeach do ÁNEÉ go leanfaimid ag fás agus ag forbairt.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Bord ÁNNÉ, agus leis an Aire, as ucht a dtiomantais don mhúsaem, agus ba mhaith liom buíochas ar leith a ghlacadh leis an bhfoireann ag ÁNNÉ as a bpaisean agus a bhfís leanúnach, agus as a ngiarmiúlacht agus a dtiomantas do na healaíontóirí agus don lucht féachana a ndéanaimid idirchaidremah leo.

Sarah Glennie

Stiúrthóir

Áras Nua-Ealaíne na hÉireann

Tacú le ÁNEÉ

Is mian le ÁNEÉ aitheantas a thabhairt dár lucht tacaíochta físiúil a rinne clár indéanta de chlár uaimhianach an mhúsaeim in 2016. Tá idir chomhpháirtithe corparáideacha, pátrúin aonair, fondúireachtaí, agus na daoine siúd a thug saothair mar thabhartas agus ar mian leo nach luafar a n-ainmneacha i measc na ndaoine seo. Ba mhaith linn ár mbuíochas a thabhairt le fios don iomaí Comhalta de chuid ÁNEÉ, ar foinse dhílis agus leanúnach tacaíochta a dtiomantas don chlár.

Tacadóirí Corparáideacha ÁNEÉ Comhpháirtithe Corparáideacha

Matheson
Goodbody
Hennessy
The Dean, Baile Átha Cliath

Freud Circle

BNP Paribas
Credit Suisse

Bronntóirí Corparáideacha

Bloomberg
Edward Dillion & Co. Ltd.

Tacadóirí Corparáideacha

Anytime Fitness
Swift Scaffolding

Cairde Corparáideacha

Arthur Cox
Irish International BBDO
Mason Hayes & Curran
Tiger Beer
Hentech Fabrication
Rilco Roofing

Fondúireachtaí agus Gníomhaireachtaí Rialtais

An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta
Coimisinéirí OOP
Éire 19/2016
Goethe Institut Irland
An Chomhairle Oidhreacht

Comhpháirtithe na Dánlainne

Alexander & Bonin, Nua-Eabhrac
Tionscnamh Theach Clark, Bombay, an India
EMMA, Músaem Nua-Ealaíne Espoo, an Fhionlainn
GAM, Galleria Civica d'Arte Moderna, an Iodáil
Grizedale Arts, Cumbria, an Ríocht Aontaithe
MACBA, Museu d'Art Contemporani, Barcelona, an Spáinn
Musée D'Art Modern de la Ville, Páras, an Fhrainc

Tacadóirí Aonair ÁNEÉ

Pátrúin Phlatanaim

Adrian & Jennifer O'Carroll
Avice & Stewart Harrington
Emma & Fred Goltz

Pátrúin Óir

Anne Lyons
Michael Corrigan & Mary Kilcullen

Pátrúin Airgid

Declan Moylan
Donall Curtin
Maurice Collins
Maire & Maurice Foley
Richard McGonigal

Pátrúin Oinigh

Brian & Elsa Ranalow
Eoin McGonigal
David Kronn

Bronntóirí

Jacqueline Nolan
Iontaobhas Carthanais Bryan Guinness
Gráinne Dooley
Gordon Snell
Cormac O'Malley

Ár gComhaltaí sárluachmhara ÁNEÉ

Comhpháirtithe Cláir

Institiúid Mercer um Aosú Bisiúil (MISA)
Cumann Alzheimer na hÉireann
Aostacht agus Deiseanna, Éire
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCCA)
CREATE
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, NCAD
IADT
DIT
GMIT

Sracfhéachaint ar 2016

Lucht féachana

- D'fháiltíomar roimh 584,000 cuairteoir, ar méadú 20% é seo i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo, agus rinneadh an dara díol spéise saor in aisce ba mhó in Éirinn ar tugadh cuairt uirthi de ÁNEÉ
- Thugamar borradh suntasach ar líne faoi deara in 2016; Facebook + 41%, Twitter + 21%, Instagram + 410%, úsáideoirí Gréasáin + 18%, Liosta seoltaí + 35%

Ealaíontóirí

- Chuir ÁNEÉ 15 thaispeántas mhóra agus thionscadal mhóra ealaíontóra i láthair i gcaitheamh 2016.
- Áiríodh leis seo taispeántas nua ar camchuart le Carol Rama agus dhá thaispeántas nua a thosaigh in ÁNEÉ le Patrick Hennessy agus Emily Jacir.
- Choimisiúnaigh ÁNEÉ trí shaothar mhóra nua le Simon Fujiwara, Jaki Irvine, Duncan Campbell, agus rinneadh iad siúd go léir a chur i láthair ag ÁNEÉ i gcaitheamh na bliana, anuas ar thionscadal comhpháirtíochta le Grizedale Arts agus 47 ealaíontóir agus comhoibrí cruthaitheach ar a dtugtar *A Fair Land*.
- Chuir beirt choimeádaithe neamhspleácha, Kate Strain agus Sumesh Sharma, dhá ghrúpsheó nua i láthair ag ÁNEÉ agus cuimsíodh ann, chomh maith, saothar le breis agus 26 ealaíontóir, nach ndearna go leor díobh taispeántas riamh roimhe sin in ÁNEÉ.
- Sheol ÁNEÉ tionscadal nua ar dhíol suntas é, Bailiúchán ÁNEÉ: Tionscadal Freud le linn taispeántas tionscnaimh 50 saothar le Lucian Freud in Ionad Freud a nuachomisiúnaíodh.
- I gcaitheamh na bliana, taispeánadh i mBailiúchán ÁNEÉ saothar breis agus 60 ealaíontóir i measc 4 Thaispeántas Bailiúcháin
- A bhuíochas le tacaíocht ó Hennessy, cheannaigh ÁNEÉ ceithre shaothar nua ó na healaíontóirí Éireannacha Kevin Atherton, David Beattie, Dennis McNulty agus Rhona Byrne, agus le tacaíocht ón Roinn Ealaíona, Oidhreachta agus Gaeltachta, cheannaigh sé saothair choimisiúnaithe le Jaki Irvine agus Duncan Campbell.
- Tacaíodh le breis agus 45 ealaíontóir, coimeádaí agus cleachtóir cruthaitheach trí chónaitheachtaí in ÁNEÉ in 2016.

An Bailiúchán

- Cuireadh 238 saothar ó Bhailiúchán ÁNEÉ ar taispeáint in 2016, tá 31 saothar ar taispeáint go fadtéarmach amach ón láthair agus cuireadh 41 saothar san áireamh ó Bhailiúchán ÁNEÉ i 19

dtaispeántas go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta a chuireann an Bailiúchán ar fáil do lucht féachana timpeall na hÉireann agus timpeall an domhain.

- D'iontráil 16 shaothar, ar an iomlán, Bailiúchán ÁNEÉ in 2016, 10 dtabhartas, iasacht amháin agus 5 cheannach ina measc a dtugtar cuntas orthu thuas.

Rannpháirtíocht agus Foghlaim

- Tá ár lánacmhainní á n-úsáid againn chun Rannpháirtíocht agus Foghlaim a sholáthar do scoileanna, mic léinn, grúpaí agus teaghlaigh. Thug 4,655 scoláire agus 2,310 mac léinn Tríú Leibhéal/Oideachais Leantaigh cuairt ar ÁNEÉ trí ghrúpaí struchtúracha in 2016.
- Rinne 2,599 duine fásta ar gach aois, idir ÁNEÉ 25 agus Aosú Cruthaitheach, idirchaidreamh linn trí ghrúpaí, grúpaí pobail, grúpaí riachtanas speisialta, turais phoiblí agus scoileanna teanga ina measc.
- Ghlac 2,965 duine páirt i gceardlanna teaghlaigh
- D'fhreastail 5,700 duine ar chlár Chainteanna ÁNEÉ in 2016, agus chláraigh an iomad daoine d'fhormhór mór na gcainteanna.

Ioncam a Tionsaíodh

- In 2016, bhaineamar méadú 18% amach ar ioncam a tionsaíodh trí imeachtaí tráchtála, agus baineadh borradh suntasach 31% amach ar ioncam tráchtála agus baineadh méadú 46% amach ar fhorbairt ioncaim ó 2015.

Is ionann an t-ioncam iomlán a thionsaigh ÁNEÉ ó chomhpháirtíochtaí, urraíocht, tabhartais, ballraíocht, tabhartais dhaonchairdiúla agus €362,000 in 2016, ar borradh 46% é seo i gcomparáid le 2015. Caidreamh contra san áireamh, is ionann seo agus luach foriomlán a sháraíonn €569,000, arb ionann sin agus borradh 97% ar 2015.

Clár 2016

Rinne clár 2 ÁNEÉ an lucht féachana ba mhó go dtí seo a aimsiú a thug cuairt ar ár dtaispeántais d'ealaín chomhaimseartha Éireannach agus idirnáisiúnta, a d'fhreastail ar ár gclár beoga cainteanna agus imeachtaí i gcaitheamh na bliana nó a ghlac páirt inár gclár rannpháirtíochta agus foghlama do scoileanna, mic léinn tríú leibhéal, teaghlaigh, daoine óga agus daoine fásta.

Cruthaíonn clár ÁNEÉ spás don lucht féachana, is cuma cén aois iad, chun machnamh agus díospóireacht a dhéanamh agus chun iad a spreagadh agus táimid tiomanta do chlár uaimhianach sármhaitheasa a sholáthar a dhéanann ceangal idir lucht féachana agus ealaíontóirí; a thacaíonn le healaíontóirí chun a n-uaimhian a bhaint amach agus a chruthaíonn deiseanna bríocha dár lucht féachana chun blaiseadh a fháil dá saothar.

Taispeántais agus Tionscadail 2016

Lean clár 2016 ÁNEÉ le taispeántais den chéad scoth agus coimisiúnú nua le healaíontóirí idirnáisiúnta agus Éireannacha ar a bhfuil meas a sholáthar don phobal. In 2016, d'fhorbraíomar comhpháirtíochtaí le hinstiúidí lena mbaineann tábhacht dhomhanda, ar nós an MACBA, Barcelona, Musée d'Art Moderne de la Ville de Paris, agus an EMMA, an Fhionlainn, Grizedale Arts agus an Schenkel Pavillion, Beirlín. Mar chuid den chomóradh cuimhneacháin céad bliain ar Éirí Amach na Cásca 1916, chuir ÁNEÉ trí choimisiúnú comhaimseartha i láthair. Anuas ar phríomhealaíontóirí idirnáisiúnta, leagadh béim láidir ar choimisiúnú nua Éireannach den ghlúin níos óige, agus rinneadh ceiliúradh ar ealaíontóirí Éireannacha agus atá bunaithe in Éirinn nach dtugtar dóthain aitheantais dóibh agus atá ceannródaíoch.

The Passion according to Carol Rama

An 24 Márta 2016 - an 1 Lúnasa 2016

Osclaíodh an chéad taispeántas substainteach de shaothar an ealaíontóra Iodálaigh, Carol Rama, dar teideal *The Passion According to Carol Rama*, ina raibh beagnach 200 saothar, ag ÁNEÉ an 24 Márta 2016.

Taispeánadh an taispeántas roimhe seo san MACBA, Barcelona, Musée d'Art Moderne de la Ville de Paris, agus san EMMA, an Fhionlainn. Rugadh Rama i 1918 in Turin agus níor cuireadh aon oiliúint acadúil uirthi riamh agus ní raibh sí an-dílis d'aon ghluaiseacht ar leith, seachas le linn thréimhse an "Movimento di Arte Concreta" (MAC). Ina ionad sin, d'fhorbair sí roinnt saothar i gcaitheamh seachtó bliain atá uathúil agus dúghafach. Níor thug an stair oifigiúil ealaíne aon aird uirthi ar feadh na gcianta mar gheall ar an dúshlán a chuir sí roimh an reacaireacht cheannasach, ábhar buntábhachtach atá i saothair Rama anois chun tuiscint a fháil ar an iomaí cineál d'ealaín chomhaimseartha atá ann agus ar shaothar ealaíontóirí, ar nós Cindy Sherman, Kara Walker, Sue Williams, Kiki Smith agus Elly Strik. Aithníodh í go déanach in 2003, agus bronnadh an Leon Óir ('the Golden Lion') uirthi ag na Dámhachtainí Débhliantúla sa Veinéis. Tá an taispeántas roinnte ina gceithre chuid théamacha agus beartaíodh chun blaiseadh a thabhairt ar thráthanna cruthaitheacha éagsúla an ealaíontóra.

Patrick Hennessy: De Profundis

An 24 Márta 2016 – an 24 Iúil 2016

Osclaíodh taispeántas aonair duine de na péintéirí réalaiócha iarchogaidh ba rathúla in Éirinn, Patrick Hennessy dar teideal *De Profundis* an 24 Márta 2016, agus cuireadh réamhamharc do dhaoine móra le rá ar siúl an 23 Márta. *'Láithreach an-aisteach agus an-choimhthíoch in ealaín na hÉireann', 'ag seasamh leis féin', 'an-neamh-Éireannach',* b'ealaíontóir ilghníomhach Patrick Hennessy RHA (1915-80) agus chruthaigh sé portráidí traidisiúnta, tírdhreacha, staidéir eachaí agus pictiúir d'ábhair neamhbheo, ach chruthaigh sé saothair, chomh maith, nach raibh cosúil le haon rud a bhí á chruthú in Éirinn ag an tráth. Tríd an réalachas a chomhtháthú le suibichtúlacht Osréalaióch a d'fhoghlaim sé i bPáras, phéinteáil sé daoine daonna a bhí scoite sa tírdhreach, pictiúir d'fhir nochta agus portráidí d'fhir dhathúla Afracacha a chuir mearbhall ar lucht critice na hÉireann a cheap gurbh ionann é agus *'coimhthíoch éigin'*. Ag tráth inar céasadh fir mar gheall ar a ngnéaschlaonadh, rinne Hennessy saothair ina raibh scéalta faoin saol homaighnéasach a rinne comparáid idir é féin agus gluaiseacht ealaín aerach na 1970idí a bhí ag teacht chun cinn. Rinne an taispeántas seo athscrúdú ar shaothar Hennessey agus rinne sé é a athshuíomh mar chuid de *Mháistir-Ealaíontóirí Éireannacha Nua-Ealaíne ÁNEÉ*, snáithe clár a fhiosraíonn an tréimhse iarchogaidh chun ealaíontóirí a thabhairt chun solais a ndearnadh faillí chriticiúil orthu; ach chun machnamh a dhéanamh, chomh maith, ar an tuiscint a d'fhéadfadh lucht féachana baint as inniu.

Simon Fuijwara, The Humanizer

An 20 Bealtaine 2016-an 28 Lúnasa 2016

Bhí *The Humanizer* ar an gcéad cheann de thrí mhórshaothar nua a choimisiúnaigh ÁNEÉ mar chuid de bhliain chomórtha céad bliain Éirí Amach na Cásca 1916. Cuireadh coimisiúnú nua i láthair leis na healaíontóirí Éireannacha Jaki Irvine agus Duncan Campbell ní ba dhéanaí sa bhliain. Saothar nua is ea *The*

Humanizer leis an ealaíontóir Briotanach/Seapánach atá bunaithe i mBeirlín, Simon Fujiwara. Cuirtear i láthair sa saothar Fujiwara tairiscint do scannán beathaisnéise samhlaíthe Hollywood atá comhdhéanta nach mór go hiomlán d'fhuaim agus atá bunaithe ar shaol an náisiúnaí stairiúil Éireannaigh, Roger Casement (1864-1916). Rinneadh é a chruthú le gairmithe scannán comhaimseartha Hollywood, an scríbhneoir cáiliúil script scannáin, Michael Lesslie (*Macbeth*, 2015; *Assassin's Creed*, 2016) agus an dearthóir a bhuaigh Oscar, Annie Atkins (*The Grand Budapest Hotel*, 2014; *Bridge of Spies*, 2015) ina measc. Trí bhlúirí fuaime, an t-íosmhéid earraí, cáipéisí, agus timpeallacht chuiríní agus chairpéid dhearg a chuireann cineama i gcuimhne, léirigh *The Humanizer* scannán Hollywood a raibh buiséad mór aige ach a bhí ar bheagán acmhainní. Gan na pictiúir mhealltacha ghluaisteacha a bhaineann le scannáin lena chur in iúl go díreach an méid a fheicimid, ní dhéantar faighteoir éighníomhach den lucht lucht féachana a thuilleadh, déantar gníomhaire gníomhach díobh chun an scannán a shamhlú.

Coimeádaithe ar tugadh Cuireadh dóibh

An 15 Meán Fómhair 2016-an 26 Feabhra 2017

I dtionscnamh nua, thug ÁNEÉ cuireadh do choimeádaithe óga chun tionscadail a chur i láthair mar chuid dár gclár 2016, Kate Strain ó Bhaile Átha Cliath agus Sumesh Sharma ó Mumbai. Osclaíodh an dá thaispeántas le hoscailt i rith an lae agus le caint leis na coimeádaithe an 15 Meán Fómhair 2016.

The Plough and other stars: An Coimeádaí ar tugadh Cuireadh di: Kate Strain

D'fhiosraigh tionscadal Kate Strain, *The Plough and other stars*, an instinn dhaonna lena mhaíomh i bhfriotal nach bhfuil ar chumas againn a thuiscint. D'fhiosraigh an taispeántas seo de shaothar nua an fonn inste seo trí chleachtas comhaimseartha ealaíne, trí shraith íomhánna, smaointe agus iomais fhorluíteacha san am agus sa spás a chur ar stáitse. I measc na n-ealaíontóirí a bhí páirteach, bhí Riccardo Arena, Richard Johh, Lara Khaldi agus Yazan Khalili, rinneadh an taispeántas a bheochan le sraith cuir i láthair bheo le linn dó a bheith ar siúl.

Historica - Republican Aesthetics: An Coimeádaí ar tugadh Cuireadh dó: Sumesh Sharma

Chuir Sumesh Sharma *Historica* i láthair, a rinne samhlú ar 'an náisiún' mar thionscadal coincheapúil agus 'an nua-aoiseachas' mar luach uailmhianach. Bhí an coilíniú bunaithe ar ardchéimíocht náisiúin – bíodh teanga, creideamh nó cineál i gceist. Áiríodh le *Historica* saothar ag roinnt ealaíontóirí Éireannacha agus idirnáisiúnta, a ndearna go leor díobh an saothar fad a bhí siad ar an láthair i stiúideonna ÁNEÉ.

Jaki Irvine, If the Ground Should Open...

An 23 Meán Fómhair 2016-an 15 Eanáir 2017

Bhí saothar Jaki Irvine, *If the Ground Should Open...*, ar an dara coimisiúnú nua a chuir ÁNEÉ i láthair mar chuid de bhliain chomórtha céad bliain Éirí Amach na Cásca 1916. Tá mar phointe tosaigh sa saothar nua seo úrscéal 2013 'Days of Surrender' le Irvine, a dhíríonn ar Elizabeth O'Farrell agus Julia Grenan. Bhí an bheirt bhan seo i measc breis agus céad bean a bhí ullamh le bás a fháil nó le marú a dhéanamh chun go mbainfí amach Éire chlaochlaithe, ach ar tugadh droim láimhe dá scéalta i stair oifigiúil na hÉireann, agus ar fágadh ar an imeall iad, de réir mar a rinneadh an scéal a insint ó pheirspictíocht na bhfear. Baintear úsáid san fhíseán agus suiteán fuaime nua seo as a n-ainmneacha mar ábhar spreagtha do 9 gceoltóir. Ar an mbealach seo, déantar iad a léiriú agus a thabhairt chun cuimhne, agus aithnítear gur chruthaigh siad cuid de thír ár linne. Léiríodh *If the Ground Should Open...* beo i Halla Mór ÁNEÉ an 13 Nollaig chun deireadh chlár 2016 ÁNEÉ a cheiliúradh.

Duncan Cambell, The Welfare of Thomás O’Hallissy

An 25 Samhain 2016-an 7 Bealtaine 2017

Tugadh an t-imeacht deiridh de Chomóradh 2016 chun críche le scannán nuachomisiúnaithe leis an ealaíontóir a rugadh in Éirinn, Duncan Campbell, a chéad saothar nua ó bhuaigh sé Duais Turner in 2014 agus a chéad scannán atá bunaithe i bPoblacht na hÉireann. Ag eascairt ó thaighde a rinneadh in Institiúid Scannán na hÉireann, bhí staidéar antraipeolaíoch a rinne an UCLA sna 1960idí ar scannáin ar cheantar tuaithe i gCiarraí, agus roinnt staidéir antraipeolaíocha shuntasacha faoinar tugadh in Éirinn ag an tráth sin, chun an tuiscint a bhí againn ar Éirinn chomhaimseartha faoin tuath mar phointe tosaigh in *The Welfare of Tomás O’Hallissy*. Trí úsáid a bhaint as meascán d’ábhar cartlainne agus píosaí scannáin a rinne se féin a scannánú, léirítear sa scannán nua seo cuairt shamhlaithe ar Dhún Chaoin a thugann beirt antraipeolaithe Meiriceánacha. Tá an scannán suite ag an tráth cinniúnach ina bhfuil meath mór ag teacht, faoi mar a fheictear dóibh, ar theanga, nósanna, agus teicnící maireachtála an ama atá imithe thart agus peirspictíocht an phobail áitiúil a mbaineann an chuid is mó dóibh míthuiscint as a gcuspóirí. Coimisiúnaíodh an saothar seo i gcomhoibriú le Van Abbemuseum, Eindhoven agus Western Front, Vancouver.

Emily Jacir, Europa

An 26 Samhain 2016-an 26 Feabhra 2017

Bhí an taispeántas aonair seo ar an gcéad taispeántas suirbhé ar shaothar an ealaíontóra Phalaistínigh, Emily Jacir in Éirinn. Tá in *Europa* beagnach scór blianta de dealbhóireacht, scannán, líníochtaí, suiteáin agus grianghrafadóireacht mhórscála a dhíríonn ar shaothar Jacir obair san Eoraip, go háirithe san Iodáil agus sa Mheánmhuir. Tá cáil uirthi i ngeall ar a saothair ealaíne thocht mhara atá chomh fileata céanna agus atá siad polaitiúil agus beathaisnéiseach, fiosraíonn Jacir scéalta stairiúla, imirce, frithbheartaíocht, claochlú agus malartú a rinneadh a cheilt. Thit an chéad leagan de *Europa* amach ag Dánlann Whitechapel, Londain, i bhFómhar 2015. Don taispeántas seo ag ÁNEÉ, chuir Jacir saothair éagsúla leis, ina measc roinnt tionscadail nua, chun na ceangail láidre a léiriú atá idir an Phalaistín agus Éirinn agus an stair de Riail Choilíneachta na Breataine atá ag an dá thír. Forbraíodh roinnt saothair nua mar fhreagairt ar shuíomh ÁNEÉ, *Notes for a Cannon* (2016), ina measc.

Ceardlann do Mhic Léann faoi stiúir Emily Jacir – Eanáir 2017

Thit an cheardlann amach, *To Be Determined (for Jean)*, a chuir Emily Jacir i láthair i gcomhar lena taispeántas ar feadh tréimhse choicíse in Eanáir 2017. Bhí an cheardlann bunaithe ar mhalartú mic léinn lena mic léinn ó Acadamh Idirnáisiúnta na hEalaíne, an Phalaistín, Ramallah. Tháinig na mic léinn go ÁNEÉ chun oibriú le mic léinn Éireannacha ó choláistí timpeall na hÉireann. D’oibrigh siad le scríbhneoirí agus ealaíontóirí, ina measc Gerard Byrne agus Willie Doherty, agus thaistil said chuig roinnt láithreacha, Béal Feirste, an tIonad Ealaíne Comhaimseartha, Doire, agus Coláiste Ealaíne Bhoirne, Contae an Chláir ina measc.

Cláir a fhairsingiú de bhreis ar Spás na Dánlainne

Leandadh in 2016 le straitéis nua ÁNEÉ chun a gclár a fhairsingiú de bhreis ar spás na dánlainne, cumas cruthaitheach ár bhfoirgnimh agus thailte Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann a shaothrú mar fhoinsé de chomhoibriú nua trasdisciplíneach agus eispéiris nua gan choinne dár lucht féachana. Cuireadh tús leis in 2014, agus chabhraigh an cur chuige níos fairsinge seo i leith clár le ÁNEÉ chun lucht féachana nua a mhealladh chun a chlár agus taitneamh a bhaint as agus aird a thabhairt ar ár suíomh stairiúil. In 2016, áiríodh leis an gclár seo:

Spás Tionscadail

Tá roinnt spásanna ag ÁNEÉ ar urlár na talún a osclaíodh in 2013 mar an Spás Tionscadail; tionscnamh nua chun spás a chruthú sa chlár chun comhoibriú nua agus cur chuige nua i leith taispeántas a dhéanamh a thaispeáint. Rinne foireann de Chúntóirí Coimeádaithe clár de agus thug na Spásanna Tionscadail cuireadh don lucht féachana chun machnamh a dhéanamh ar réimse smaointe trí chartlanna, imeachtaí beo, saothair nuachomisiúnaithe agus saothair ón mBailiúchán. Leandadh i gclár 2016 leis an gcur chuige trialach chun tús a chur leis an mbliain le sraith scannáin ealaíontóirí a chur i láthair mar chuid den chlár *Art / Memory / Place* ó Fheabhra go hAibreán. Lean comhoibriú le mic léinn ón cúrsa máistreacht in Ealaín agus Taighde (ARC) in Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire (IADT) i dtionscadal a cheangal stair Chlár Cónaitheachta ÁNEÉ le samhail na Saor-Ollscoile Idirnáisiúnta (Free International University) ar thacaigh an t-ealaíontóir Joseph Beuys agus an staraí ealaíne Dorothy Walker leis i gcur i láthair dar teideal *statæcraft* a rinne mol taighde turgnamhach poiblí de na spásanna i gcaitheamh Mhí an Mháirta agus Mhí Aibreáin. Rinneadh na spásanna a choimeád agus ba iad leanaí agus daoine óga an príomh-spíoc lucht féachana ó Dheireadh Fómhair a fhad le deireadh na bliana agus rinneadh dhá chur i láthair ag an tráth céanna le healaíontóirí a oibríonn le líníochtaí agus ábhair bheochana, John O'Connell agus Aideen Barry, dar teideal *Morph and Transform*. Ag tráthanna eile i gcaitheamh na bliana, ba chlár na spásanna seo mar chuid de *A Fair Land*.

Cóisir an tSamhraidh

An 16 Iúil 2016

Rinne Cillian Murphy agus Anna Gritz (coimeádaí Schenkel Pavillion, Beirlín) an clár ceoil agus léirithe d'ÁNEÉ a choimeád. Áiríodh leis an gclár ceoil seinm ag an bpianódóir/gcumadóir Hauschka; an ceoltóir agus cumadóir Caoimhín ó Raghallaigh; ealaíontóir leictreonach Éireannach New Jackson agus an banna Éireannach Meltybrains?. Bhí seinm ceoil agus damhsa, scannáin, suiteáin agus léamh leis na healaíontóirí Adam Christensen, Beth Collar, Christodoulos Panayiotou, Tai Shani agus Jala Wahid a rinne Anna Gritz a choimeád, sa chlár ealaíne, *Preserves and Presences*. Díoladh na chéad 600 ticéad a scaoileadh laistigh d'uair an chloig, agus scaoileadh 200 ticéad breise ní ba ghaire don imeacht. Aíonna ar tugadh cuireadh dóibh san áireamh, d'fhreastail os cionn 1,000 duine ar an imeacht.

A Fair Land

An 12-18 Lúnasa 2016

Ba é *A Fair Land*, an toradh ar chlár taighde cónaitheachta 6 mhí a réachtáladh i gcomhoibriú le Grizedale Arts, an t-imeacht ba mhó i gclár Lúnasa 2016. B'éard a bhí sa tionscadal ná suiteán uailmhianach sa chlós agus clár gníomhachtaithe 3 seachtaine de cheardlanna, gníomhaíochtaí buail isteach, lónta, cainteanna, léirithe, gníomhaíochtaí don teaghlach agus tionscadail d'ealaíontóirí.

Bheartaigh *A Fair Land* córas maireachtála trí úsáid a bhaint as acmhainní bunúsacha ar bhealach cruthaitheach. Mar fhreagairt ar chultúr gairmiúlaithe an lae inniu, ar gnách dó bac a chur ar ár gcruthaitheacht dhúchasach laethúil, a chothaíonn maireachtáil chórasaithe, áisiúlacht agus domhandú ina ionad sin, ba é ba chuspóir an tionscadail seo chun córas iomlán maireachtála a chruthú, a chruthaigh ealaíontóirí, atá eiliminteach, láithreach agus inbhuanaithe. Léiríodh an córas seo i bhfoirm sráidbhaile 'samhla' sa Chlós – barr, scioból agus halla an tsráidbhaile agus clár laethúil gníomhaíochtaí ar ghlac an

pobal páirt iontu – an barr a bhaint, lón a ullmhú agus a dtáirgí féin ‘Fair Land’ a dhéanamh agus a mhalartú. Chuaigh an tionscadal i ngleic le conas is féidir le cruthaitheacht – feidhm dhúchasach dhaonna – nuair úsáidtear í sa saol laethúil, gníomhú mar bhealach chun athrú agus cumasú a bhaint amach. Chuaigh an clár cainteanna agus na tionscadail choimisiúnaithe ealaíontóirí i ngleic leis seo i gcomhthéacs na ceiste níos fairsinge a bhaineann le ról féideartha ealaíontóirí sa lá atá inniu ann – a thug chun solais na bealaí a sháraíonn obair go leor ealaíontóirí spás na dánlainne chun dul i ngleic go díreach leis na saincheistanna a thagann aníos inár measc sa tsochaí chomhaimseartha, a dhéanann léiriú foriomlán ar an ról a ghlac ealaíontóirí chun Éire nua a shamhlú roimh 1916.

I gcaitheamh na 3 seachtaine, d’fhéadfadh cuairteoirí ar *A Fair Land* páirt a ghlacadh ar bhealaí éagsúla – chun ithe, smaoinemh nó trádáil;

- Cuireadh lón laethúil ar fáil do 30 duine a chruthaigh ealaíontóirí agus cuireadh an dúshlán rompu freagairt don bharr aonair cúirséad go cruthaitheach le béile iomlán 3 chúrsa agus le biachláir athraitheacha.
- Tugadh an deis do chuairteoirí i stáisiúin oibre i halla an tsráidbhaile chun a dtáirgí féin a dhéanamh faoi na teidil ‘áisiúil, inmianaithe agus indéanta’. Bhí babhláí ceirmeacha, slipéir feilte agus picilí i gceist leo seo. Rinneadh breis agus 3,000 slipéar i rith na tréimhse.
- Reáchtáladh Scoil ‘Food Power’ gach seachtain a dhírigh ar aoiseanna éagsúla – daoine fásta óga, déagóirí agus daoine fásta. Tháinig na rannpháirtithe i láthair ar feadh 4 lá gach seachtain agus d’oibrigh siad go díreach le foireann na n-ealaíontóirí chun lón laethúil an tsráidbhaile a ullmhú.
- Thaispeáin taispeántí laethúla cócaireachta a cuireadh ar siúl sa scioból agus a d’úsáid an chistin mhachaire a dhear Ryan Gander, do dhaoine conas a n-oidis *Fair Land* a athchruthú sa bhaile.
- Cuireadh ceardlanna teaghlaigh ar bun gach lá i gcomhar le *A Fair Land* agus cruthaíodh tionscadal a coimisiúnaíodh go speisialta le Seoidín O’Sullivan. Bhí lámhleabhar allamuigh i gceist leis seo a cheadaigh do theaghlaigh conair a leanúint timpeall na dtailte agus crainn agus plandaí ÁNEÉ a fheiceáil.
- Leathnaigh cainteanna agus ceardlanna laethúla an téamaic ní b’fhairsinge a bhain leis an tionscadal le cainteanna le healaíontóirí a ghlac páirt agus le cleachtóirí cruthaitheacha a raibh siad go léir ag tabhairt faoi smaoinemh faoi conas is féidir lena saothar tionchar a imirt ar athrú. I measc na gcuariteoirí, bhí an fhoireann a bhí bainteach in *Our Table*, tionscadal bia a chuireann bealach ar fáil chun teacht ar chócaireacht i measc teaghlach a chónaíonn i Soláthar Díreach agus an t-ailtire Gráinne Hassett a labhair faoina hobair i nDufair Calais, an campa neamhfhoirmiúil dídeanaithe a chuaigh i méid lasmuigh de bhaile Calais. Chomhoibríomar le Foras Ailtireachta na hÉireann (IAF) trí cheardlann lae iomláin a chur ar siúl a chuaigh i ngleic le géarchéim tithíochta na hÉireann, ar eascair forógra as a bhí frámaithe ag na rannpháirtithe a sheol an IAF i Meán Fómhair.
- Tugadh gach lá chun críche i ndiaidh gur ghlac slua mór páirt in ‘Aclaíocht Chruthaitheach’, gnáthamh aclaíochta 7 nóiméad a bhí in ainm is do chruthaitheacht a mhúscaill, a chruthaigh an t-ealaíontóir ón Ríocht Aontaithe, Marcus Coates le haghaidh *A Fair Land*.

Tugadh cuireadh do roinnt ealaíontóirí agus comhoibríthe idirnáisiúnta móra le rá chun freastal ar *A Fair Land* chun freagairt do na smaointe sa sráidbhaile;

- Chaith 6 ionadaí le Fondúireacht Sweetwater, faoi stiúir a Stiúrthóra, Emmanuel Pratt, seachtain ag oibriú sa sráidbhaile anuas ar chainteanna a thabhairt ar a saothar agus a bpríomh-cheardlanna. Tionscnamh ar a bhfuil dea-chlú idirnáisiúnta d’ealaíontóirí é Tionscnamh Sweetwater atá bunaithe in Chicago Theas, a chruthaíonn spás d’ógánaigh leochaileacha ón gceantar áitiúil chun foghlaim, ceangal a dhéanamh le agus páirt a ghlacadh sa phobal trína tionscadail forbartha feirme agus pobail.

- Glacann an t-ealaíontóir conspóideach Gearmánach, Jonathan Meese, le suíomh dá shaothar, ‘A Dictatorship of Art’, a thacaíonn le ceannas iomlán na healaíne sa tsochaí. Chruthaigh sé léiriú nua, *L.O.V.E – Monsters do not Vóte* mar chuid de *A Fair Land*, a bhí ar siúl ar fud mhóinéir ÁNEÉ. Ba é chéad léiriú Meese le 3 bliana agus beidh sé mar bhunchloch le haghaidh saothar mór nua scannáin leis an ealaíontóir.
- Aithnítear an t-ealaíontóir ó na Stáit Aontaithe, Suzanne Lacy, mar dhuine de na healaíontóirí is mó tionchar a thugann faoi chleachtas sóisialta – ealaín a dhéanann idirchaidreamh go díreach le daoine agus pobail. Tháinig sí go Baile Átha Cliath ar feadh 10 lá agus fad a bhí sí anseo, chuir sí caint ar siúl ar fhreastail breis agus 200 duine uirthi, agus d’fhorbair sí *The School for Revolutionary Girls* – tionscadal do chailíní idir 14 agus 16 bliana d’aois inar chaith siad seachtain i mbun múscailt comhfhiosachta agus foghlama chun machnamh a dhéanamh ar leagáid na mban a raibh baint acu san Éirí Amach agus an méid atá i gceist leis seo ina measc inniu. Chuir léiriú poiblí sa Sráidbhaile an t-imeacht i gcrích.
- Caitheann an t-ealaíontóir Cúbach, Tania Bruguera, lena ról mar ealaíontóir mar ról de gníomhaíochas polaitiúil; ceapadh í le déanaí mar an chéad Ealaíontóir Cónaithe in Oifig Mhéaraí Gnóthaí Inimirceach Nua-Eabhrac agus reáchtáilann sí tionscadal ealaíne idirnáisiúnta, *Art Utile*, a thacaíonn le healaín a bhfuil cuspóirí aici. Fad a bhí sí in ÁNEÉ, thug Tania caint phoiblí le Suzanna Lacy ina ndearna sí plé ar a fíis i dtaobh fhéidearthacht na healaíne. Déanfar an caint seo a scríobh amach isteach i dtéacs mar chuid d’fhoilseachán mór nua ar shaothar Tania.

Ba thionscadal an-turgnamhach *A Fair Land* d’ÁNEÉ a oibríodh ar go leor leibhéal agus a d’fhiosraigh go leor de na smaointe atá á bhforbairt againn timpeall ar ár gclár. Ag leanúint ó na féilte rathúla *Summer Rising* a bhí ar siúl in 2014 agus 2015, chruthaigh sé eispéireas éagsúil den mhúsaem agus den suíomh do chuariteoirí – eispéireas a thug cuireadh d’idirchaidreamh díreach, neamhfhoirmiúlacht agus iontas. Ba léir mar gheall ar ardlíonta na gcuairteoirí i rith Lúnasa go raibh tóir ar an gcineál seo cláir, faoi mar a thugamar faoi deara le cláir *Summer Rising*. Thairis seo, chruthaigh an tionscadal spás chun plé, machnamh agus smaointeoireacht nua a dhéanamh agus ghlac an lucht lucht féachana páirt mhór sa ghné seo den tionscadal mar gheall go raibh freastal an-mhaith ar go leor de na cainteanna agus ceardlanna. Chruthaigh cineál an tionscadail deis dúinn chun oibriú le healaíontóirí nach bhfuil a saothar bunaithe i ndánlann agus le tacaíocht ó *ÁNEÉ 1000*, bhí baint ag líon mór ealaíontóirí Éireannacha, ar thaistil go leor díobh go Grizedale chun tabhairt faoi chónaitheachtaí ansin, agus coimisiúnaíodh roinnt saothair nua.

Ardáin Dhigiteacha

Bealach tábhachtach eile d’ÁNEÉ chun rochtain a sholáthar ar a shaothar is ea trí ardáin dhigiteacha agus ar líne agus úsáidimid straitéisí digiteacha agus margáocht ar líne chun an lucht lucht féachana is leithne agus is féidir a bhaint amach dár gcláir. Ag gach tráth, lorgáimid chun bealaí cuí digiteacha a aimsiú chun ár saothar a scaipeadh, agus bealaí inar féidir cúrsaí digiteacha a úsáid chun barr feabhais breise a chur ar ár n-idirchaidreamh leis an gcuairteoir.

In 2014, thugamar faoi phróiseas domhain taighde ar athfhorbairt ár láithreáin ghréasáin, lena n-áirítear moltaí do straitéis nuálach dhigiteach d’ÁNEÉ ar líne. Cuirfidh an Ceann nua Lucht Féachana agus Forbartha seo i bhfeidhm. Níor deimhníodh cistiú don láithreán gréasáin go fóill in 2016 agus, ar an ábhar sin, tá forbairt an ghréasáin á cur siar go 2017. Go déanach in 2016, rinneadh an láithreán gréasáin reatha a mhionathrú chun íomhánna nua agus brandáil nua uachtarach a chur san áireamh go dtí go bhforbraítear an láithreán nua.

Nuair a bhí ullmhú á dhéanamh don athfhorbairt a bheartaítear, leanamar le rochtain a sholáthar ar Bhailiúchán ÁNEÉ ar líne agus le hacmhainní fairsinge a sholáthar do scoileanna ar fud na hÉireann, a úsáideann clár ÁNEÉ mar acmhainn múinteoireachta sa seomra ranga.

Áirítear lenár straitéis margaíochta digítí Deontas Google a ghníomhachtú chun fógraíocht saor in aisce a dhéanamh ar Google, chomh maith le díriú ar ábhar digiteach a chruthú agus a roinnt ar líne ag féachaint leis na cuairteanna a thugtar ar ár bpríomhláithreán a mhéadú, an trácht a ghabhann chuig ár n-ábhar digiteach atá á óstáil ag tríú páirtí a mhéadú (i.e. ábhar fuaime agus físe) agus ár bpobail líonraithe shóisialta a mhéadú.

In 2016, leanamar le hobair ar ár sraith Stair Ealaíne Éireannaí, *Máistir-Ealaíontóirí Éireannacha Nua-Ealaíne*; arb acmhainn chuimsitheach ar líne í do gach aois chun cur lenár sraith taispeántas *Máistir-Ealaíontóirí Éireannacha Nua-Ealaíne*. Lorgaíonn an tsraith chun athchuart a thabhairt ar stair na hÉireann le déanaí chun ealaíontóirí a shainaithint a ligeadh i ndearmad glan, ach a bhfuil áit tuillte acu i réimse Nua-Aoiseachas na hÉireann, a thugann daoine tábhachtacha chun solais trí thaispeántais mhóra bhliantúla a ngabhann cláir fairsinge scoileanna agus cainteanna agus léachtaí leo. In 2016, ba é Patrick Hennessy ábhar na sraithe. Le tacaíocht ón mac léinn a fhreastalaíonn ar UCD, Martyna Starzinskaite (MA i mBeartas Cultúir agus Bainistíocht Ealaíon), rinneamar caibidil eile thiomnaithe ar ár mionláithreán gréasáin www.modernishmasters.com a scríobh. Chruthaigh seo acmhainn dhigiteach d'obair Hennessy, a sholáthair rochtain ar na híomhánna agus an fhaisnéis shaibhir ar tháinig coimeádaithe ÁNEÉ orthu. Áirítear leis an láithreán gréasáin obair ealaíontóirí, cáipéisíocht thaispeántas ÁNEÉ agus rochtain ar aistí agus cáipéisíocht bhreise faoin ealaíontóir. Acmhainn bheo í seo agus tá pleananna ar na bacáin an fhréamhshamhail seo a fhairsingiú le faisnéis ó ealaíontóirí a bheidh ag teacht aníos sa tsraith.

Borradh Digiteach

In 2016, d'éirigh linn bonn úsáideoirí ár láithreáin ghréasáin a fhás 18% ó 245,001 go 288,209 úsáideoir bliantúil. Chomh maith leis sin, tugaimid borradh 17% faoi deara ar sheisiúin úsáideoira ar an láithreán ó 344,102 in 2015 go 403,839 in 2016.

Leanamar lenár n-acmhainn fuaime saor in aisce, 'IMMA Talks', a fhorbairt ar Soundcloud, ardán roinnte fuaime saor in aisce. In 2016, d'uaslódálar breis agus 40 caint reatha agus chartlainne a chuir iad seo ar fáil don phobal mór chun léargas a fháil ar chleachtas agus próiseas ealaíne. Tá méadú faoi dhó tagtha ar an líon uaireanta ar éisteadh leo ar Soundcloud in 2016 ó 3,500 éisteacht go 6,262 éisteacht i gcaitheamh na bliana. Cuirimid leis an gcartlann fuaime seo le réamheolas físeáin do gach ceann de na taispeántais shealadacha ag ÁNEÉ a uaslódáiltear saor in aisce chuig ár gcainéal YouTube. In 2016, amharcadh ar 41,973 nóiméad d'fhíseáin ónár gcainéal, arb ionann sin agus borradh 47%. Anuas air sin, tháinig borradh 50% ar ár mbonn úsáideoirí go dtí 13,913 ó cheann ceann na bliana.

Le blianta beaga anuas, chuir ÁNEÉ straitéis meán digiteach i bhfeidhm a dhéanann caipitliú ar na meáin shóisialta chun caidreamh a fhorbairt lenár lucht féachana agus chun líonta na gcuairteoirí chuig an músaem a mhéadú. Lean an borradh seo ag teacht ar chúrsaí in 2016, mar seo a leanas:

- Táimid fíor-ghníomhach ar Facebook agus chuir breis agus 28,600 duine in iúl 'gur maith leo' an leathanach. Is ionann seo agus méadú 41% ó 2015. Cuirimid ábhar go rialta (go laethúil nó níos minice) in airde faoinár gcláir agus imeachtaí féin agus faoi ailt agus faisnéis ghaolmhar faoi Ealaín agus Ealaíontóirí na hÉireann.
- Tá breis agus 21,800 de lucht leanúna ag ÁNEÉ ar Twitter, arb ionann sin agus méadú 21% ó 2015 ar aghaidh. Arís eile, cuirimid ábhar in airde go laethúil nó níos minice; déanaimid idirghníomhú le cuairteoirí agus institiúidí comhpháirtithe, freagraímid go pras ar cheisteanna agus ar aiseolas ón bpobal i gcoitinne. Tá lucht leanúna an-spreagtha againn ar Twitter a chuireann tráchtanna agus grianghraif in airde go rialta faoina n-eispéiris ag ÁNEÉ.

- Is é Instagram an t-ardán is déanaí atá againn agus tá pobal de bhreis ar 8,500 de lucht leanúna cruthaithe againn ar an ardán amhairc tábhachtach seo in 2016, aníos ó 2,000 de lucht leanúna ag tús 2015, arb ionann sin agus borradh 410%. Úsáidimid Instagram chun íomhánna a chur in airde de na taispeántais féin, na tailte agus na foirgnimh ag ÁNEÉ agus íomhánna nach bhfuil ar taispeántais a bhaineann le taispeántais de réir mar atá siad á suiteáil, agus bronnann seo rochtain ar ár lucht féachana ar an bpróiseas a bhaineann le taispeántas a dhéanamh. Spreagaimid ár lucht féachana chun sinn a chlibeáil inar ngrianghraif agus idirchaidreamh a dhéanamh le cuairteoirí trína n-íomhánna den eispéireas a bhí acu in ÁNEÉ a chur in airde arís mar bhealach chun a rannpháirtíocht fhíorga le ÁNEÉ a chur i ngníomh.
- Tá blog gníomhach againn ar ardán WordPress, agus cuirimid ábhar in airde ar Tumblr, chomh maith, agus d'fhéadfaidís siúd breis agus 40,000 úsáideoir a aimsiú i measc na n-ardán uile seo.
- Tá ár mbunachar ríomhphost méadaithe againn ó 10,000 teagmhálaí i Nollaig 2015 go dtí 20,114 teagmhálaí faoi dheireadh 2016. Is ionann seo agus méadú breis agus faoi dhó ar ár liosta seoltaí. Seoltar fógraí faoi imeachtaí, cuirí chuig taispeántas agus fógraí faoi chlár ar ríomhphost go rialta chuig baill dár liosta seoltaí.

Bailiúchán ÁNEÉ 2016

Bailiúchán ÁNEÉ ar taispeánt

Déanann ÁNEÉ taispeántais agus taispeántí óna Bhailiúcháin a choimeád gach bliain, trí úsáid a bhaint as an mBailiúchán Náisiúnta mar acmhainn bheo chun tús a chur le smaointeoireacht nua ar an ealaín chomhaimseartha agus ar stair ealaíne na hÉireann le déanaí. Chomh maith leis sin, cuirtear saothair bhailiúcháin san áireamh go rialta i gclár taispeántas sealadach ÁNEÉ, chomh maith, a chruthaíonn ceangail ón mbailiúchán buan le cláir ealaíne chomhaimseartha reatha. Cuireadh saothair ó Bhailiúchán ÁNEÉ san áireamh i 16 thaispeántas (tugtar cuntas orthu thíos) i rith 2016, agus taispeánadh 238 saothar, ar an iomlán, i gcaitheamh na bliana.

Bailiúchán ÁNEÉ: Tionscadal Freud 2016-2021

An 21 Deireadh Fómhair - ar siúl

Bhain Bailiúchán ÁNEÉ iasacht mhór cúig bliana de 50 saothar amach ag duine na péintéirí réalaiócha is fearr san 20ú haois, Lucian Freud. *Tá i mBailiúchán ÁNEÉ: Tá inTionscadal Freud* rogha de 30 ceann de thogha phictiúir an ealaíontóra, anuas ar 20 saothar ar pháipéar. Bhí gach ceann de na 50 saothar ar taispeánt i gcaitheamh na chéad bhliana. Cuirfear na saothair, atá ar iasacht ó bhailiúcháin phríobháideacha, i láthair in Ionad Freud tiomnaithe i nDánlanna Gairdín ÁNEÉ ar feadh cúig bliana, ó Dheireadh Fómhair 2016 go Deireadh Fómhair 2021. Leis an acmhainn iontach seo, chruthaigh ÁNEÉ ionad taighde ar Freud ina raibh clár taispeántas speisialta, comhpháirtíochtaí oideachais, siompóisiam agus taighde a bhainfidh an tairbhe is mó as an deis thábhachtach seo do scoileanna, mic léinn tríú leibhéal, ealaíontóirí agus lucht féachana fud fad na hÉireann agus níos faide i gcéin. Mar gheall ar fhad fada na hiasachta, féadfaidh rannpháirtithe ar ár gcláir Rannpháirtíochta agus Foghlama go léir caidreamh a chruthú le saothar agus smaointe Freud le himeacht ama, agus aithne ceart a chur ar na saothair agus freagairtí cuimsitheacha bunaithe ar thaithí phearsanta a fhorbairt ar shaothar Freud, a bhrí agus a leagáid san ealaín chomhaimseartha agus sa tsochaí níos mó.

Tá caidreamh níos doimhne á éascú ag an gclár seo le comhpháirtithe oideachais ÁNEÉ agus, i dteannta a chéile, táimid ag tabhairt faoi roinnt chomhstraitéisí a chuireann lenár clár Bunscoileanna agus Meánscoileanna agus a fhorbraíonn príomh-chomhpháirtíochtaí taighde le coláistí tríú leibhéal, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (TRIARC /TCD) agus an Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha (NCAD), a bhfuil d'aidhm aige tionscadal Freud a chruthú mar ionad taighde.

Bailiúchán ÁNEÉ: A Decade

An 28 Aibreán 2016-an 7 Bealtaine 2017

Bailiúchán ÁNEÉ: Sholáthair A Decade roghbhliúire ar an bhforbairt a tháinig ar an mBailiúchán Náisiúnta de Nua-Ealaín agus Ealaín Chomhaimseartha le 10 mbliana anuas. Áiríodh leis an taispeántas go leor den réimse fairsing meán a léirítear laistigh de Bhailiúchán ÁNEÉ: péintéireacht, dealbhóireacht, líníochtaí agus priontaí, grianghrafadóireacht, scannáin, físeáin, suiteáin agus léiriú, a thugann blaiseadh do chuairteoirí den éagsúlacht ollmhór de chleachtas ealaíonta atá san ealaín chomhaimseartha. Chomh maith leis sin, tharraing sé aird ar impleachtaí easpa cistithe ÁNEÉ d'éadálacha ón mbliain 2011 ar aghaidh. Chuir an taispeántas seo roinnt éadálacha i láthair a bhí mar thoradh ar thabhartais fhlaithiúla, *Cape Siren* (2008) le [Philip Taaffe](#) agus *Remains* (2013) le Willie Doherty ina measc. I measc na ngné-ealaíontóirí eile, bhí Pierre Huyghe, Niamh O'Malley, Eva Rothschild, Tim Robinson, Peter Hutchinson, Maria Simonds Gooding, Amanda Coogan agus daoine eile.

Nick Miller agus stiúideo Edward McGuire

An 19 Samhain 2015-an 2 Bealtaine 2016

Don taispeántas seo, chuir Miller portráid fhairsingithe i láthair ar bhonn in absentia de Edward McGuire agus a stiúideo. Ba phéintéir portráidí hipirfhóra agus ábhar neamhbheo ar tugadh ábhair a stiúideo d'ÁNEÉ mar thabhartas in 2009. I rith tréimhse thaighde ar chónaitheacht ÁNEÉ, d'úsáid Miller an stiúideo mar ionad chun taighde mionsonraithe a dhéanamh ar mhodhanna oibre McGuire agus chun sraith nua portráidí a chruthú a dhéanann ábhair McGuire a athbheochan.

Approaches to Paper

An 19 Samhain 2015-an 2 Bealtaine 2016

D'fhiosraigh *Approaches to Paper* cáilíochtaí ábhartha páipéir agus an tábhacht a bhaineann le hobair ullmhúcháin i gcleachtas stiúideo. I measc na n-ealaíontóirí, bhí Edward Allington, Andrew Folan, Antony Gormley, Alice Maher, Hughie O'Donoghue, Kiki Smith, Kara Walker, Hermione Wiltshire agus Bill Woodrow.

Les Levine: Using the Camera as a Club, Tionscadail Mheán agus Cartlann

An 19 Samhain 2015-an 2 Bealtaine 2016

Chuir an taispeántas seo grúpa de ghrianghraif a tugadh mar thabhartas le déanaí i gcomhthéacs a léiríonn rogha fheachtais mheán an ealaíontóra atá bunaithe i Nua-Eabhrac, Les Levine. Taispeánadh iad seo i gcomhthéacs sraitheanna eile forleathana de shaothair ghrianghrafadóireachta agus eitseáilte ó Bhailiúchán ÁNEÉ ina measc *The Troubles: An Artist's Document of Ulster* (1979), saothar grianghrafadóireachta 80 píosa, agus sraith eitseálacha *Using the Camera as a Club* (1979) óna nglacann an taispeántas seo a theideal.

Iasachtaí Náisiúnta Bhailiúchán ÁNEÉ

Cuireadh 23 saothar ó Bhailiúchán ÁNEÉ san áireamh in 11 thaispeántas náisiúnta a sholáthair rochtain ar an mBailiúchán Iasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

The Look of The Irish

Dánlann na Glaidhbe, Contae Dhún na nGall, an 4 Iúil-an 25 Lúnasa 2017

Ba thaispeántas portráidí *The Look of The Irish* a raibh de chuspóir aige 'an tÉireannachas' a fhiosrú dar le healaíontóirí Éireannacha le 100 bliain anuas. I measc na saothar ó Bhailiúchán ÁNEÉ, bhí *Portrait of David Hendriks* le Robert Ballagh (1972), *Self Portrait with Blue Red and Green* le Brian Bourke (2004) agus *Self-Portrait* le Brian O'Doherty (1958).

A Terrible Beauty: Centennial Reflection

Músaem Hunt, Contae Luimnigh, an 23 Bealtaine-an 28 Lúnasa 2016

Áiríodh leis an taispeántas seo rogha saothar Robert Ballagh, saothair ina measc leis an ealaíontóir a thug Bailiúchán ÁNEÉ ar iasacht, ar nós *Liberty on the Barricades (After Delacroix)* (1969-70).

New Art New Nature

Músaem Uladh, Béal Feirste, an 12 Meán Fómhair 2015-an 31 Eanáir 2016

D'fhiosraigh an taispeántas seo ról an dúlra i saothar ealaíontóirí Éireannacha agus idirnáisiúnta le seachtó bliain anuas. Bhí in *New Art, New Nature* iasacht ó Bhailiúchán ÁNEÉ - ansaothar *Untitled* le Louise Bourgeois.

Dánlann Glór, Contae an Chláir, an 9 Nollaig 2015-an 20 Eanáir 2016

Tugadh le chéile sa taispeántas seo saothar le healaíontóirí a raibh ceangal tábhachtach acu le Contae an Chláir. Tugadh an saotar *Women of the Burren 1996* le Barrie Cooke agus saothair eile ó Bhailiúchán ÁNEÉ leis na healaíontóirí Tom Molloy agus Sidney Nolan, ar iasacht don dánlann.

David Crone: Echoes and Reflections

Dánlann RHA, Baile Átha Cliath, an 16 Samhain-an 21 Nollaig 2016

Bhí san áireamh sa taispeántas *The Echoes and Reflections*, a ndearnadh cur síos air mar thaispeántas a

bhí siarghabhálach go páirteach, saothair a thug Bailiúchán ÁNEÉ ar iasacht le David Crone, ina measc *Journey* (1996), *Secret People* (1992-93), *Three-Dimensional Piece* (thart ar 1977-80) agus *Untitled* (1983).

David Crone Retrospective

Dánlann F.E. McWilliams, Droichead na Banna, an 10 Meitheamh-an 28 Lúnasa 2016

Bhí príomhshaothair ó thráthanna éagsúla i gcaitheamh a ghairme le sonrú agus tugadh le chéile sa taispeántas pictiúir ó bhailiúcháin phoiblí agus phríobháideacha, saothair Crone ina measc ó Bhailiúchán ÁNEÉ.

The Language of Dreams

Dánlann Ealaíne Crawford, Contae Chorcaí, an 2 Deireadh Fómhair 2015-an 13 Feabhra 2016

D'fhiosraigh an taispeántas seo ag Dánlann Crawford téama na mbrionglóidí agus na neamh-chomhfhiosachta agus bhí sa taispeántas saothair a thug ÁNEÉ ar iasacht, ar nós *The Way of the World* le Ralph Cusack (1945) agus *Il Trovatore* le Giorgio de Chirico (thart ar 1960).

Two Birds, One Stone

Dánlann Farmleigh, Baile Átha Cliath, an 1 Meitheamh-an 7 Lúnasa 2016

Taispeánadh saothar Linda Quinlan, *It Adds to the Confusion* (2006) ó Bhailiúchán ÁNEÉ, ag Dánlann Farmleigh don taispeántas *Two Birds, One Stone* a bhí á choimeád ag Janet Mullarney.

The Red Earth

VISUAL, Contae Cheatharlach, an 1 Samhain 2015-an 29 Eanáir 2016

Thug Bailiúchán ÁNEÉ saothar mórsála Hughie O'Donoghue, *Crossing the Rapido VI: Painting Caserta Red* (2003) ar iasacht le VISUAL i gCeatharlach do thaispeánta de saothar O'Donoghue.

Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (DIT), Gráinseach Ghormáin

Tá saothar Alice Maher, *The Axe (ands The Waving Girl)* (2003) ar iasacht fhadtéarmach faoi láthair le DIT, Gráinseach Ghormáin, ó Bhailiúchán ÁNEÉ.

Comhairle Contae Loch Garman

Cuireadh bliain bhreise le hiascht fhadtéarmach saothar Oliver Comerford le Comhairle Contae Loch Garman, *Out Here III* (2003).

Iasachtaí Idirnáisiúnta Bhailiúchán ÁNEÉ

Cuireadh 18 saothar, ar an iomlán, ó Bhailiúchán ÁNEÉ agus ón mBailiúchán Iasachta i láthair in 8 dtaispeántas go hidirnáisiúnta:

Every Love is a Letter

Fondúireacht Ealaíne Talin, an 22 Eanáir-an 1 Feabhra 2016

G. Byrne, *New Sexual Lifestyles*, 2003

Michael Craig-Martin: Transience

Dánlann Serpentine, Londain, an 25 Samhain 2015- an 14 Feabhra 2016

M. Craig-Martin, *Eye of the Storm*, 2003

Emotional Architecture

Arnolfini, Bristol, an 30 Meán Fómhair-an 31 Nollaig 2016

D. Wright, *Where Do Broken Hearts Go*, 2000

Hello, Sam Redux

Ionad Paramount, Coláiste Emerson, Bostún, an 6 Deireadh Fómhair-an 8 Deireadh Fómhair 2016

B. O'Doherty, *Hello Sam*, 05/10/2016 - 19/10/2016

Richard Deacon

Músaem Folkswag, Essen, an Ghearmáin, 26/08/2016 - 13/11/2016

Bhí ceithre shaothar déag leis an ealaíontóir, Richard Deacon ar iasacht ó Bhailiúchán Welkunst, le Músaem Folkswag, Essen, an Ghearmáin mar chuid de thaispeántas siarghabhálach Richard Deacon.

Superhighway from E.A.T to art after the internet

The Whitechapel, Londain, 29.1.16-1.5.16

P. Sedgley, Whitechapel, Londain

Peter Sedgley, *Light Rhythms*, 1981

Peter Sedgley, *Study (Coloured Circles)*, 1970

29/01/2016 - 01/05/2016

Strange Worlds: The Vision of Angela Carter

Acadamh Ríoga Iarthar Shasana, an Ríocht Aontaithe, an 10 Nollaig 2016-an 19 Márta 2017

A. Maher, *The Music of Things (Sleep)*, 2009

Iaschtaí fadtéarmacha a thabhairt ar ais

Tugadh 12 phictiúr ó ghrúpa 23 saothar ó Chónaitheacht Ambasadóir na hÉireann sa Háig ar ais, a bhí ar iasacht ó Shamhain 2007 ar aghaidh. Leanann na 11 phictiúr eile a bheith ar iasacht leis an Ambasáid ar feadh tréimhse atá le deimhniú ag ÁNEÉ leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha. San iasacht, bhí saothair le Mary Swanzy, Louis le Brocqy, Colin Middleton, Gerard Dillon, Edward McGuire, Stephen McKenna, Barrie Cooke, David Crone agus daoine eile.

Taispeántí Fadtéarmacha (amach ón láthair)

Tá 31 saothar ó Bhailiúchán ÁNEÉ ar taispeánt sna láithreacha seo a leanas:

Oifigí Chomhairle Contae Loch Garman, Loch Garman

An Ceoláras Náisiúnta, Baile Átha Cliath

Scoil Ghnó Smurfit, UCD

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Coláiste Phádraig, Maigh Nuad

Ambasáid na hÉireann, Washington

Farmleigh, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath

Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Éadálacha 2016:

D'iontráil 16 shaothar, ar an iomlán, Bailiúchán ÁNEÉ trí 10 dtabhartas, iasacht amháin agus 5 cheannach (féach an liosta ar chúl an AGR).

Bainistiú Bailiúchán

Tá sealbhú foirmiúil thabharthas Tim Robinson de shaothair ealaíne agus ábhar cartlainne ag feitheamh le cur i gcrích an mheasúnaithe iomláin ar fhardal agus bhail gach pictiúir, saothair ar pháipéar ábhar cartlainne. Ní féidir roinnt pictiúr a dheisiú agus ní dhéanfar iad a shealbhú mar gheall go raibh siad á stóráil go sealadach i stór ÁNEÉ don ealaíontóir mar gheall go raibh a stiúideo, 'Folding Landscapes' i gCloch na Rón i gConamara i mbaol tuile. Cuireadh taifid le haghaidh breis agus 100 líníocht ó bhailiúchán Tim Robinson le bunachar sonraí an Bhailiúcháin agus aistríodh na líníochtaí féin chuig stóráil an Bhailiúcháin. Ba cheart a thabhairt faoi deara go dteastaíonn ardleibhéal d'acmhainní daonna ó thabhartais ilearraí lena bpróiseáil agus, mar thoradh air sin, féadtar bheith ag súil leis go mbeidh moill ar chatalógú cuimsitheach

an tabhartais seo. Níor tugadh fíorú fisiciúil iomlán ar an mBailiúchán, faoina dtugtar ar gach earra in aon fhardal amháin, ón mbliain 2011 i leith agus bhí sé le hathnuachan, faoi mar a tugadh chun suntais san iniúchadh inmheánach. Thug cláraitheoir na mBailiúchán, Felicia Tan, faoi fhardal don Bhailiúchán iomlán, le cabhair ón gcríú teicniúil agus ó mhaoirseoir an trádstórais i Nollaig 2016 agus leanadh ar aghaidh leis i gcaitheamh Eanáir 2017 nuair a cuirfear faoi bhráid an Choiste Bailiúchán agus Éadálacha é.

Cé go bhfuil beartais i bhfeidhm le haghaidh Soláthair, Diúscartha agus Iasachtaí sa Bhailiúchán, ní dhearnadh beartais fhoirmiúla díobh seo, faoi mar a tugadh faoi deara san iniúchadh inmheánach. Tá sé sceidealaithe beartais fhoirmiúla a dhéanamh díobh seo, a fhad agus a bhíonn na hacmhainní ar fáil. Tá súil leis, chomh maith, go ndéanfar dul chun cinn suntasach in 2017 i ndiaidh gur tugadh roinnt earraí leagáide chun solais san iniúchadh inmheánach; ar nós easpa faisnéise faoi láthair ar roinnt earraí luatha sa bhailiúchán, agus easpa comhaontuithe iasachta i dtaobh roinnt earraí a tugadh ar iasacht le tríú páirtithe i luathbhlianta bhunú an mhúsaeim.

Cartlann na mBailiúchán

Bhronn an Chomhairle Oidhreachta €4,500 ar Rannóg na mBailiúchán chun Cartlann Gordon Lambert a chatalógú. Tugadh an tionscadal chun críche idir Bealtaine agus Samhain 2016.

Caomhnú agus Frámú

Pictiúir:

- Chaomhnaigh Mary McGrath *The Magnificent Seven* (1997) le Ellen Gallagher.
- Rinne Mary McGrath suirbhé caomhnaithe ar phictiúir Tim Robinson.

Dealbhóireacht:

- Thug Bernar Venet faoi obair glanta caomhnaithe ar 217.5 ° Arc x 12 (2008).
- Ghlan Lorna Barnes Conservation saothar Lynda Benglis, North South East West 2009.

Saothair ar Pháipéar:

- Thug an caomhnóir páipéir, Pat McBride faoi chóireáil chaomhnaithe ar *Where Do Broken Hearts Go*, le Daphne Wright (2000).

Frámú:

- Chuir an frámóir caomhnaithe Ciarán Murphy 10 saothar ar pháipéar leis an ealaíontóir Richard Deacon i bhfráma.
- Chuir an frámóir caomhnaithe Ciarán Murphy spásaire i saothar Brian Maguire, Gordon Lambert (12/6/1982), chun stop a chur leis an ngloine teagmháil a dhéanamh leis an saothar.
- Rinne Frámóirí Ceardaí Power Boy (Mekong) le Apichatpong Weerasethakul (2011) a rollú amach agus a fhrámú.

Rannpháirtíocht agus Foghlaim 2016

Cruthaíonn an Clár Rannpháirtíochta agus Foghlama rochtain do gach cuid den phobal, agus oibríonn sí ar thionscadail ar leith chun taispeántais ÁNEÉ a thabhairt chun beochta agus fiosraíonn sé go grinn Bailiúchán ÁNEÉ agus cláir Taispeántas agus Cónaitheachta sealadaí. Oibrítear na cláir seo ar roinnt leibhéal do leanaí, daoine óga, teaghlaigh agus daoine fásta: trí thurais saor in aisce threoraithe; cainteanna, léachtaí agus seimineáir; ceardlanna bunaithe i ndánlann agus stiúideo, scoileanna Samhraidh, tionscadal taighde, agus cuairteanna ar thabhairt ar stiúideo ealaíontóirí atá ar chlár cónaitheachta an Mhúsaeim. Tá acmhainní ar líne/gréasánbhunaithe ann, chomh maith, chun tacú leis an eispéireas beo sna dánlanna.

Éascaítear rochtain don phobal trí thionscnaimh clársceidealaithe a dhearann an chroífhóireann Rannpháirtíochta agus Foghlama, a oibríonn leis an bhFoireann Rannpháirtíochta Cuairteoirí (an FRC) ag ÁNEÉ, le saorealaíontóirí agus le healaíontóirí ar an gClár Cónaitheachta.

Freastalaímid ar 21 turas treoraithe sa mhí, ar an meán, a bhfuil réimse fairsing de chúlraí agus riachtanais éagsúla acu, idir leanaí sa luathoideachas sa Bhunscoil agus daoine fásta níos sine inár gcláir nua a thacaíonn le daoine a bhfuil néaltrú orthu. Cuirtear trí thuras bhreise saor in aisce Phoiblí ar fáil don phobal i gcoitinne sa tseachtain, chomh maith. Cuireann ár bhFoireann Rannpháirtíochta Cuairteoirí agus na coimeádaithe na turais seo ar bun.

Bíonn turais threoraithe saor in aisce ar fáil do gach taispeántas agus tá méadú tagtha ar fhreastal i rith an téarma scoile mar gheall go bhfuil grúpaí scoile den uile aois ag freastal ar na taispeántais. Is féidir linn anois gach iarraidh ar thurais a éascú mar gheall ar na huairteanta oscailte nua a tugadh isteach in 2015 (is iad na huairteanta oscailte poiblí ó 11.30am agus éascaítear grúpaí oideachais agus pobail a rinne áirithiú roimh ré, ó 9.30am go dtí 11.30am).

Bhí 5 Chlár Bunscoile (CB) ann ina raibh páirt ag 131 leanbh, 34 turas treoraithe Bunscoile ina raibh 944 leanbh agus 117 turas treoraithe Meánscoile ina raibh 3,580 dalta. Anuas air sin, chuireamar 53 Clár Tríú Leibhéal /um Oideachas Leantach ar siúl ar ar fhreastail 1,310 mac léinn, 9 ngrúpa daoine fásta agus ar ar fhreastail 435 duine, 14 Scoil Teanga/grúpa pobail/riachtanas speisialta ar ar fhreastail 389 duine, thug grúpaí den uile aois os cionn 20 cuairt ar ealaíontóirí cónaithe agus cuireadh 26 Turas Poiblí ar bun le 560 duine. Tháinig méadú ar an líon turas do choláistí agus scoileanna ó osclaíodh *Tionscadal Freud*, a mheall 99% de na turais fhoriomlána ó osclaíodh é don phobal go déanach i nDeireadh Fómhair. D'fhreastail 2,900 duine i measc 99 imeacht ar ár gceardlanna don Teaghlach agus d'fhreastail 65 duine i measc 6 chlár i gcaitheamh na bliana ar ár gclár do Dhéagóirí (12-18 mbliana).

Sa mhullach ar thurais a sholáthar, oibríonn ÁNEÉ i gcomhar le coláistí chun cláir Thaighde Tríú Leibhéal/Stiúideo/Suímh a sholáthar agus thacaigh sé le 1,000 mac léinn i gcaitheamh tréimhse 80 lá inár stiúideonna agus tailte. D'aimsigh cláir Oideachais/For-Rochtana do Dhaoine Fásta agus don Phobal 945 duine i measc 154 imeacht. Bhí 180 duine rannpháirteach in *ÁNEÉ 25s* (18-25 bliain) i 6 imeacht agus ghlac sciar mór den phobal mór páirt i 57 Caint agus Seimineár ar ar fhreastail 5,700 duine, ar an iomlán. Chomh maith leis sin, d'éascaíomar 90 duine fásta agus 25 leanbh/duine óg i gcláir For-Rochtana.

Chuireamar *A Fair Lúnasa* leis an méid a chuireamar ar fáil do theaghlaigh, anuas ar chlár dhánlainne an Domhnaigh agus i rith saoirí, *Explorer* agus *Mornings in the Museum* i Lúnasa, chomh maith le sraith ceardlanna píolótacha le Grúpaí Caomhnóirí agus Tuismitheoirí Scoile i rith an téarma scoile. Chuireamar lenár bhfor-rochtain pobail le grúpaí áitiúla i ndobhcheantar Bhaile Átha Cliath 8 in Earrach/Samhradh trí *A Fair Land*/chónaitheacht ealaíon Grizedale agus sa Samhradh/Fhómhar le Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh i gcomhoibriú leis an Tionscnamh 'Culture Connects' de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Eagraíodh ceardlanna speisialta aonuaire don teaghlach ag tráthanna i gcaitheamh na bliana, *A Fair Land* i Lúnasa ina measc agus mar chuid d'fhéilte móra náisiúnta, ar nós Sheachtain na hOidhreachta i Lúnasa agus Dheireadh Seachtaine Dhánlann Bhaile Átha Cliath i Samhain.

I gcaitheamh am téarma in 2016, ghabh clár do Bhunscoileanna le taispeántais áirithe, a thosaigh le *Nick Miller and the studio of Edward McGuire* agus a chríochnaigh le *Tionscadal Freud* agus bhí na hacmhainní gaolmhara múinteoireachta ar fáil ar líne. I rith na cuairte a thug siad ar an músaem a mhair dhá uair an chloig, d'fhiosraigh leanaí an ealaín trí smaointe agus ábhair a bhí spreagúil agus ábhartha dóibh, agus ghlac siad páirt i ngníomhaíochtaí ceardlainne a bhí bunaithe sna dánlanna. Cuireadh turais lena raibh na hacmhainní gaolmhara digiteacha ar tairiscint do mheánscoileanna le haghaidh *Chloe Dewe Mathews: Shot at Dawn* agus *Tionscadal Freud*. Reáchtáladh clár socrúchán oibre a mhair seachtain, chomh maith, do scoláirí na hIdirbhliana agus thug 20 duine óg ó 12 scoil aghaidh ar ÁNEÉ chun eispéireas ilghnéitheach a bheith acu.

Cuirtear forbairt ghairmiúil leanúnach ar fáil do Mhúinteoirí agus fochéimithe i gcoláistí oiliúna múinteoirí, ar nós an Choláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha (NCAD), Froebel/ Ollscoil na hÉireann, Má Nuad agus Institiúid Oideachais Marino. Ghlac 43 scoil páirt i Sárthaispeántas Rannpháirtíochta Cruthaithí Chumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí atá mar chuid den chlár a chistíonn cónaitheachtaí ealaíontóirí ar an Dara Leibhéal i nDeireadh Fómhair, agus chuir Cumann na Múinteoirí Ealaíne a gcruinniú bliantúil ar bun ag ÁNEÉ i nDeireadh Fómhair agus tugadh blaiseadh dóibh de *Thionscadal Freud*.

Ábhar Digiteach Rannpháirtíochta agus Foghlama

Acmhainní Rannpháirtíochta agus Foghlama do scoileanna, coláistí agus an pobal i gcoitinne

In 2016, leanamar lenár n-acmhainní digiteacha a fhorbairt do réimse fairsing lucht féachana, acmhainní smaointeoireachta criticiúla ina measc, ar nós *What is_?* do scoláirí sinsearach agus mic léinn tríú leibhéal; acmhainní foghlama, téacsanna agus físeán ina measc do Mheánscoileanna a raibh cleachtas coimeádaíochta á fhiosrú acu faoi mar a bhain sé le *Tionscadal Freud* agus smaointe stiúideo bunaithe ar shaothair áirithe Bhailiúcháin. Tacaíocht seomra ranga do bhunscoileanna/theaghligh atá bunaithe ar a gcuartheanna ar thaispeántais áirithe agus Podchraoladh leanúnach agus sraith Blaganna bunaithe ar Chainteanna agus cláir *Art | Memory | Place* 2016 ÁNEÉ agus snáithe téacsanna coimisiúnaithe agus acmhainní foghlama atá nasctha le saothair inár mBailiúchán.

Daoine Óga

Leanadh ar aghaidh le sraith ceardlanna ÁNEÉ trí lá faoi stiúir ealaíontóirí do dhaoine 12-18 mbliana d'aois i gcaitheamh na bliana ag tréimhsí saoire agus i gcomhar le *A Fair Land*. I gcomhar le Féile Teach Oscailte Chumann Ailtireachta na hÉireann (CAÉ) trí cheardlanna faoi stiúir ailtirí agus beochan san fhómhar i gcomhar leis an taispeántas *Morph and Transform* sna Spásanna Tionscadail.

An clár idir piaraí do dhaoine idir 18 agus 25 bliain d'aois dar teideal *IMMA 25s* i rith an Earraigh/an tSamhraidh. I rith an Fhómhair, coimisiúnaíodh meastóir seachtrach chun athbhreithniú a éascú chun forbairt bhreise a dhéanamh ar an gclár in 2017. Rinne an grúpa seo roinnt imeachtaí a chláraíonn san Earrach, a bplé dar teideal 'cas leis an ealaíontóir' ina measc le healaíontóirí cónaithe agus/nó a raibh taispeántas dá gcuid ar taispeáint in ÁNEÉ, ar nós an ealaíontóra chónaithe David Beattie. Chuir siad *Firehouse #18* ar bun chomh maith, ar scannán é a cuireadh ar scáileán saor in aisce i gcomhoibriú leis an bhféile ghearrscannán de chuid Chomórtas Scannán Firehouse, agus ghlac sé páirt, chomh maith, in *A Fair Land*.

Cláir do dhaoine fásta

D'fhreastail Stiúideo 10 ar réimse fairsing daoine fásta agus cuireadh turais ar na dánlanna agus cleachtas stiúideo ar bun ann, a d'éascaigh ár bhFoireann Rannpháirtíochta Cuairteoirí (FRC) i gcaitheamh na dtéarmaí acadúla gach Aoine idir Meán Fómhair agus Nollaig. D'fhreastail go leor de na rannpháirtithe ar an gclár seo ar scoileanna agus ceardlanna, chomh maith, mar chuid de *A Fair Land*.

Cainteanna agus Imeachtaí Poiblí

Lean an clár seo in 2016 le réimse fairsing cainteanna le healaíontóirí agus coimeádaithe, scannán a cuireadh ar scáileán, léachtaí agus seimineár, a eagraíodh i gcomhar le gach taispeántas, an Bailiúchán agus na cláir Rannpháirtíochta agus Foghlama, agus bhí thart ar dhá chaint sa tseachtain ar bun agus bhí siompóisiamaí agus comhdhálacha ar scála ní ba mhó ar siúl dhá uair sa mhí. Áiríodh leo seo cainteanna ÁNEÉ ag coimeádaithe ÁNEÉ (seisiúin faisnéise i rith am lóin le coimeádaithe), scoláirí ar cuairt, gairmithe ó réimsí eile, ealaíontóirí agus comhoibriú le coláistí tríú leibhéal agus le hInstitiúid Scannán na hÉireann. Aithníodh go raibh páirt lárnach ag ealaíontóirí le Stát na hÉireann a shamhlú agus a chruthú agus fad a rinne Éire ceiliúradh ar 2016, chuir ÁNEÉ sraith cainteanna agus imeachtaí ar bun a d'fhiosraigh agus a bheartaigh ról d'ealaíontóirí sa tsochaí chomhaimseartha. Dhírigh an clár ar *A Fair Land* sa samhradh, agus san fhómhar/gheimhreadh chuir na Coimeádaithe ar tugadh Cuireadh dóibh, Sumesh Sharma agus Kate Strain agus an t-ealaíontóir Jaki Irvine cainteanna poiblí ar siúl mar chuid dá dtaispeántais.

Bhí dhá shiompóisiam ar siúl i rith na bliana. Thit *Sexuality, Identity & the State* amach an 22 Meitheamh, a eagraíodh mar fhreagairt do na taispeántais *The Passion according to Carol Rama* agus *Patrick Hennessy: De Profundis*. Cuir i láthair le healaíontóirí, scríbhneoirí, coimeádaithe, oideachasóirí agus síocanailísithe a bhí ann agus chuathas i ngleic ann le saincheisteanna inscne, gnéasachta, aitheantais agus an stáit faoi mar a bhaineann sé le saothair ealaíontóirí ar nós Patrick Hennessy, Carol Rama, agus daoine eile. Phléigh na rannpháirtithe teoiric dhaoine aeracha, feimineachas agus an tsíocanailís i measc réimse fairsing disciplíní, a dhéanann breithniú ar chlár thaighde níos fairsinge a chuimsíonn stair na healaíne, an chultúr agus na sochaí. Ní ba dhéanaí sa bhliain, leag siompóisiam, *The Artist & the State* i gcomhoibriú le Dánlann Cathrach Bhaile Átha Cliath, Lána Hugh agus CREATE, inar ghlac aon chainteoir déag páirt, comóradh 2016 i gcomhthéacs comhaimseartha agus idirnáisiúnta.

In 2016, cuireadh 57 Caint agus Seimineár/Léiriú ar bun ar fhreastail breis agus 5,700 duine orthu. Rinne an clár seo a spriocluacht leanúna a shíneadh, chomh maith, chun oibriú le comhpháirtithe ar leibhéal náisiúnta i roinnt ionaid lasmuigh den láthair.

Art | Memory | Place

In 2016, lean ÁNEÉ ar aghaidh le clár cainteanna agus imeachtaí a mhair bliain dar teideal 'Art | Memory | Place' a thit amach i gcomhthéacs an Chomórtha Deich mBliana. D'fhiosraigh an tsraith cainteanna, léachtaí bunphrionsbail agus seimineáir thaighde ról na healaíne comhaimseartha sa chuimhne, in áit agus chun an t-am atá imithe thart a léiriú. Rinne sé ceangal le clár taispeántas ÁNEÉ a bhain roinnt ábhar ón taispeántas *Chloe Dewe-Mathews, Shot at Dawn* agus chuir sé roinnt taispeántais shealadacha i láthair agus rinne sé na scannáin seo a leanas le healaíontóirí a shuiteáil: *A Measure of Remorse*, 2009 agus *Tell Me Terrible Things They Have Known*, 2016 le Hong-An Trong agus *Der sterbende Soldat von Les Mille (The dying Soldier of Les Mille)*, 2013 le Maya Schweizer - sna Spásanna Tionscadail. Bhí na healaíontóirí a thuasluaitear agus roinnt rannchuiditheoirí atá bunaithe in Éirinn, ar nós an Ollaimh Karen E. Till, an Roinn Tíreolaíochta Cultúrtha, Ollscoil Mhá Nuad; na healaíontóirí Susan Gogan, Beth O'Halloran agus Willie Doherty páirteach sna cainteanna poiblí, agallaimh fise agus seimineáir. Cuireadh deireadh leis an tsraith leis an gcainteoir mór Idirnáisiúnta Andreas Huyssen, Ollamh Villard le Litríocht Ghearmánach agus Chomparáideach, Ollscoil na Colóime.

B'éard a bhí mar thoradh ar chomhoibriú leanúnach ná seimineáir a chur ar bun ag ÁNEÉ agus páipéir a chuir coimeádaithe ÁNEÉ i láthair do mhic léinn a bhí rannpháirteach in *Listen/Join in ...* snáithe de phlé neamhfhoirmiúil a thiteann amach de ghnáth laistigh de shuíomhanna acadúla seachas a bheith á gcur ar siúl in ÁNEÉ d'fhonn go mbeidh an deis ag baill den phobal chun éisteacht agus páirt a ghlacadh.

Ealaín agus Aosú

Lean ár straitéis Ealaíne agus Aosaíthe ag oibriú le roinnt comhpháirtithe, Institiúid Mercer um Aosú Bisiúil (MISA) ag Ospidéal Naomh Séamus agus ag Coláiste na Tríonóide; clár Engage TCD; Cumann Alzheimer na hÉireann; Aostacht agus Deiseanna; Dánlann de Buitléir, Cill Chainnigh agus líonra de dhánlanna

réigiúnacha agus músaeim in Éirinn agus ár gcomhpháirtí idirnáisiúnta, an Músaem Nua-Ealaíne (MoMA), Nua-Eabhrac.

Azure

In Éirinn, cruthaíodh comhpháirtíocht nua, *Azure*, le hAostacht agus Deiseanna (A agus D); Cumann Alzheimer na hÉireann (CAÉ), agus Dánlann de Buitléir. Tá de chuspóir na comhpháirtíochta seo creat náisiúnta soláthair de dhánlanna ealaíne a chruthú ar spásanna iad a thacaíonn le daoine ar a bhfuil néaltrú.

Bunaíodh líonra agus tá ÁNEÉ ar thús cadhnaíochta maidir le tacaíocht idir piaraí i measc treoraithe turasóireachta ar fud 12 cheann de na dánlanna agus na hionaid ealaíon atá in Éirinn. Tá turais a thacaíonn le daoine ar a bhfuil néaltrú á gcur ar bun ag ÁNEÉ anois ar bhonn míosúil le foireann ar chuir ÁNEÉ oiliúint orthu.

Thacaigh ÁNEÉ le leanúint le turas náisiúnta E.gress (saothar ealaíne a d'fhiosraigh cuimhne agus cailteanas do dhaoine ar a bhfuil néaltrú leis na healaíontóirí Marie Brett agus Kevin Shanahan) i gceithre ionad ar fud na hÉireann agus rinne sé imeacht a choimeád chun an chéim dheiridh den turas a comhóstáladh i gcomhpháirtíocht le MISA a cheiliúradh.

Chuireamar dhá mhodúl foghlama le clár ollmhór foghlama pobail ar líne Choláiste na Tríonóide (MOOC) maidir le Cruthaitheacht agus Aosú.

Cuireadh dhá chlár de Mhalairtí Cruthaitheacha (cúrsa atá creidiúnaithe ag FETAC) a d'fhorbair feasacht ar ealaín agus scileanna do chúramóirí daoine breacaosta, i gcomhar le hAostacht agus Deiseanna, ar siúl i gcaitheamh fiche seachtain ag ÁNEÉ. Bhí 24 rannpháirtí ann ó áiteanna ar fud na hÉireann sa chlár.

Scoileanna agus Coláistí

Clár Tríú Leibhéal

Leanann ÁNEÉ ag oibriú i gcomhpháirtíocht le hinstitiúidí tríú leibhéal, chun an úsáid a bhaintear as acmhainní a uasmhéadú, ar nós ealaíontóirí ar cuairt agus léachtóirí, agus spásanna stiúideo agus ceardlainne. Cuireann na comhpháirtíochtaí siúd rochtain ar fáil ar réimse fairsing de thaithí acadúil, tacaíonn siad le mic léinn tríú leibhéal agus teagascóirí mar ghnáthchuiditheoirí ar ÁNEÉ agus spreagann siad rannpháirtíocht chriticiúil acadúil le cláir ÁNEÉ agus ÁNEÉ a úsáid mar shuíomh le haghaidh taighde. Tugadh cuireadh do léachtóirí ó réimse d'institiúidí tríú leibhéal chun cainteanna a chur i láthair sa chlár *What is_?* a bhfuil de chuspóir aige tús eolais a sholáthar d'ealaín chomhaimseartha agus nua-aimseartha do lucht féachana ginearálta.

I measc na gcoláistí atá ag oibriú faoi láthair le ÁNEÉ, tá DIT, IADT, LSAD, NUIM, NCAD, TCD, UCD agus GradCAM. Áirítear leis an gcomhoibriú seo cláir do mhic léinn do ghrúpaí ag ÁNEÉ agus intéirneachtaí aonair mic léinn agus tionscadail taighde a bhíonn ag oibriú i measc na dtrí rannóg clár. Bhí mic léinn na chéad bhliana ó Bhaitsiléir Ealaíon IADT bunaithe i stiúideonna ÁNEÉ le haghaidh modúl 12 sheachtain idir Eanáir agus Aibreán 2016 trí úsáid a bhaint as ÁNEÉ agus a thailte mar shuíomh le haghaidh taighde. Mic léinn an Tríú Bliain agus clár Máistreachta ARC in IADT; ó Mháistreacht Ealaíne NCAD sa Domhan Comhaimseartha; Caidreamh Poiblí: Cúrsa Léirithe Shóisialta agus Ealaíne; agus an Mháistreacht san Ealaín Phobalghníomhach agus chomhoibrigh an grúpa seimineáir, GradCAM /DIT - *The Enquiry*, le foireann ÁNEÉ ar réimse clár.

Comhpháirtíochtaí

Gach bliain, bhí roinnt tionscadail chomhpháirtíochta ann leis na heagraíochtaí comhoibritheacha ealaíon, oideachais agus eile, ina measc Aostacht agus Deiseanna; Cumann Múinteoirí Ealaíne na hÉireann (ATAI); Cumann Alzheimer na hÉireann; Dánlann de Buitléir; CREATE; Gníomhaireacht Ealaíon Common Ground, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath; Helium, an eagraíocht ealaíona agus sláinte leanaí; Fondúireacht

Ailtireachta na hÉireann; *Teach Oscailte*; Institiúid Mercer um Aosú Bisiúil (MISA); Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí (NAPD) agus institiúidí agus ollscoileanna tríú leibhéal. D'éascaigh *Tionscadal Freud* roinnt comhpháirtíochtaí oideachais nua a fhorbairt, chomh maith, ar nós TRIARC ag TCD; an Scoil Oideachais in NCAD, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA), agus an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí.

Chomhoibrigh ÁNEÉ, chomh maith, le *Culture Connects* de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath; chuir sé leis an gCairt um Ealaíona san Oideachas trí ról leanúnach ar an ngrúpa Stiúrtha don Tairseach Ealaíon san Oideachas; agus leis an nGrúpa Deartha do chlár um Fhorbairt Ghairmiúil do chomhpháirtíochtaí ealaíontóra/múinteora.

Clár Cónaitheachta

D'éascaigh an clár cónaitheachta roinnt cónaitheachtaí níos fadtéarmaí i measc ealaíontóirí Éireannacha agus idirnáisiúnta agus go leor cuairteanna níos gearrthéarmaí i measc coimeádaithe a raibh cóiríocht chónaithe agus stiúideo acu. Leanamar lenár sraith Cónaitheachtaí Léiriúcháin a sholáthraíonn rochtain ar ár gcónaitheacht d'eagraíochtaí ealaíona ar fud na hÉireann mar bhealach d'ÁNEÉ chun tacaíocht chomhchineáil a sholáthar dá gclár. Meicníocht ríthábhachtach iad na cláir seo trínar féidir le ÁNEÉ tacú le forbairt gairme d'ealaíontóirí Éireannacha.

I measc na n-ealaíontóirí, bhí iad siúd a raibh taispeántas ar siúl acu ag ÁNEÉ agus in áiteanna eile agus iad siúd a bhí ag tabhairt faoi thaighde in Éirinn le tamall anuas. Le Grizedale Arts, atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe, a bhí sa mhór-chomhoibriú sa Chlár Cónaitheachta chun *A Fair Land* a fhorbairt ónar forbraíodh clár ilsnáithe a d'éascaigh réimse fairsing ealaíontóirí agus ball den phobal agus a bhí fite fuaite lenár gcomhpháirtithe leanúnacha chun rannpháirtíocht a éascú le réimse fairsing d'eagraíochtaí nua pobalbhunaithe. Éascaíonn an clár seo rochtain phoiblí ar choimeádaithe cuartaíochta agus ealaíontóirí cónaithe i gcaitheamh na bliana trí laethanta oscailte agus trí choinne araon.

Áiríodh leis na hEalaíontóirí Cónaithe:

- Aideen Barry, David Beattie, Hong An-Truong, Margaret O'Brien, Ruby Wallis.
- Lean roinnt ealaíontóirí lena gcónaitheacht san fhómhar ó *A Fair Land* - Brenda Kearney, Tom Watt, Tanad Williams agus Andreas Kindler von Knobloch agus Sarah Staton.

Áiríodh leis na Coimeádaithe Cónaithe:

- Martin Waldmeier, coimeádaí a óstáladh i gcomhoibriú le Máistreacht Ealaíne an NCAD sa Domhan Comhaimseartha.
- Scoláire Fulbright - Teresa Reeves, Stiúrthóir Gnóthaí Coimeádaíochta ag Músaem Ealaíne Bernard A. Zuckerman in Atlanta, Georgia.
- An coimeádaí Habda Rashid ó Dhánlann Whitechapel.
- Lara Khaldi agus Yazan Khalili don siompóisiam *The Artist and The State*.

Cónaitheachtaí Léiriúcháin

- TBG+S agus Orla Barry /Einat Tuchman.
- *The Plough and other stars*: Cuireann Kate Strain agus Cowhouse Studios na healaíontóirí Jessica Foley, Marjorie Potiron agus Lisa Hoffman, Steven Randall agus The Artist and himself at 29 (TAH29) i láthair.
- Coimisinéir Venice Biennale Tessa Giblin/Jesse Jones.
- Dánlann Chathair Luimnigh/ Maggie Madden.
- D'ainmnigh Institiúid Goethe Barbara Breitenfellner.

An Lucht Féachana agus Forbairt

An Preas agus Margaíocht

Chuir ÁNEÉ tús leis an mbliain le gné ar leathanach iomlán san Irish Times faoi Anthony Gormley; an cainteoir deiridh ar chlár 2015 Cainteanna ÁNNÉ. In Eanáir agus Feabhra 2016, díriodh ar fheachtas deiridh do ghrúpthaispeántas a bhí bunaithe i dtosach in ÁNEÉ, *What We Call Love: From Surrealism to Now*. Den chéad uair, d'oibrigh ÁNEÉ le gníomhaireacht fógraíochta – Irish International BBDO – a sholáthair a gcuid ama agus scileanna suntasacha cruthaitheacha ar bhonn pro-bono chun feachtas cumhachtach agus uathúil a chruthú chun samhlaíocht cuairteoirí féideartha tríd an raidió agus fógraí digiteacha a ghabháil. Fógra raidió dhá chuid atá san fheachtas raidió, a úsáideann liricí an amhráin *I Want To Know What Love Is* leis an mbanna Foreigner agus a úsáideann guthú leis na haisteoirí Jeremy Irons agus Sinéad Cusack, a mhúsclaíonn samhlaíocht iad siúd atá ag éisteacht lena dheimhniú cad faoi a bhfuil an seó trí chuairt a thabhairt ar ÁNEÉ. Baineadh idirghníomhú an-ard amach leis an bhfeachtas na trí meáin shóisialta - d'aimsigh Facebook breis agus 137,000 duine agus d'aimsigh Instagram 179,000 duine. B'éard a bhí mar thoradh ar an bhfeachtas fógraíochta ná gur thug líonta an-mhéadaithe cuairteoirí cuairt i gcaitheamh na dtrí seachtaine dheireanacha den taispeántas.

Lean roinnt taispeántais eile a osclaíodh go déanach in 2015 ar aghaidh isteach sa chéad ráithe in 2016, Chloe Dewe Mathews; *Shot at Dawn* agus Grace Weir; *3 Different Nights, recurring* ina measc. In 2016, bhain taispeántas Weir athbhreithniú ceithre réalta amach san Irish Times, sár-athbhreithniú san irisleabhar idirnáisiúnta ealaíne *Frieze* a luaigh *'Weir's time is now'* agus gné-alt mór san Irish Times, agallamh san áireamh leis an ealaíontóir Gemma Tipton.

Sheol ÁNEÉ a chlár nua don bhliain 2016 i Márta agus rinneadh fógra idirnáisiúnta e-flux agus, den chéad uair, fiseán um chur chun cinn cláir ar líne ina thaobh le hagallaimh agus baill den lucht féachana, coimeádaithe agus ealaíontóirí, Jaki Irvine agus Duncan Campbell ina measc, a coimisiúnaíodh i dteannta Simon Fujiwara, mar chuid de chlár oifigiúil Éire 2016 clár ag an músaem. Bhí an-tóir ar an bhfiseán agus beartaímid seo a dhéanamh arís amach anseo.

Bhain na taispeántais go léir clúdach sna nuachtáin amach i gcaitheamh na bliana. I measc na mbuaicphointí ar leith, bhí an méid seo a leanas:

Bhain *Patrick Hennessy: De Profundis* (cuid den tsraith *Máistir-Ealaíontóirí Éireannacha Nua-Ealaíne ÁNEÉ*) athbhreithniú ceithre réalta amach san Irish Times, gné-alt in Irish Arts Review, GCN agus VAN, agus trí alt in Irisleabhar Cultúir an Sunday Times, athbhreithniú ina measc le Cristin Leech "IMMA's significant show...Patrick Hennessy's sexuality is openly acknowledged at last at IMMA's fine exhibition". Cuireadh an taispeántas san áireamh, ar deireadh in irisleabhar Artforum mar cheann de na taispeántais ba mhó a chuaigh i gcion ar dhaoine in 2016.

Ba thaispeántas suntasach *Tionscadal Freud* in 2016 a mhúscaíl go mór samhlaíocht an phobail agus an phreasa araon. Rinneadh é a choimeád ó iasacht fhadtéarmach de 50 saothar le Freud, osclaíodh don phobal é Dé hAoine, an 21 Deireadh Fómhair 2016. D'fhreastail breis agus 1,200 duine ar an oíche réamhbhreathnaithe oscailte Déardaoin, an 20 Deireadh Fómhair agus bhí freastal an-mhaith ar ghairm grianghraf an phreasa, leis an Aire Heather Humphreys, TD, agus bhí an preas ó gach meán mór Náisiúnta clóite agus nuachta i láthair.

Clúdaíodh an Tionscadal i ngach Preas mór Náisiúnta, Morning Ireland (RTÉ Radio 1), an Nuacht Náisiúnta ag a Sé a Chlog agus a Naoi a Chlog (RTÉ 1), Arena (RTÉ Radio 1), leathanaigh Nuachta an Irish Times agus gné-alt ar leathanach iomlán le Aidan Dunne ar na leathanaigh 'Arts and Ideas', athbhreithniú sa Sunday Times le Cristín Leach, clúdach nuachta sa Sunday Business Post, agus alt san Irish Independent Weekend Review agus ar an Hotlist in Irisleabhar an Irish Independent. Rinneadh athbhreithniú ar leathanach iomlán

in Totally Dublin i Nollaig agus ar aon dul le Irish Tatler agus Irish Country Magazine, tugadh an taispeántas chun solais, chomh maith, in irisleabhar IMAGE agus in irisleabhar IMAGE Interiors & Living agus ar roinnt irisleabhair ar líne. D'fhoilsigh The Gloss agus Social and Personal íomhánna sóisialta ón oscailt. Luadh *Bailiúchán ÁNEÉ: Tionscadal Freud* mar buaicphointe cultúir san athbhreithniú a rinne Aidan Dunne ar 2016 san Irish Times.

Bhain coimisiúnú ÁNEÉ 2016 athbhreithnithe fíor-dhearfacha amach sna nuachtáin, go háirithe Jaki Irvine; *If the Ground Should Open...* athbhreithniú mór ina measc a thug an taispeántas chun solais mar 'seó spreagtha agus buntábhachtach' le Cristín Leach sa Sunday Times, agallamh leis an ealaíontóir ar an gclár 'Arena' (RTÉ Radio 1), athbhreithniú ceithre réalta le Aidan Dunne san Irish Times agus agallamh faid iomlán leis an ealaíontóir ar Inside Culture (RTÉ Radio 1). Roghnaíodh é mar cheann de na seónna is fearr i mBaile Átha Cliath i dtreoir an léirmheastóra le Gemma Tipton in Frieze. Rinneadh an saothar a thabhairt chun solais roinnt mhaith uaireanta ag deireadh athbhreithnithe cultúrtha dheireadh na bliana, agus ainmníodh é, chomh maith, i ngearrliosta saothair ealaíne a rinne 2016 a shainiú san Irish Times. Roghnaigh Gemma Tipton an saothar san Irish Times mar cheann de bhuaicphointí cultúrtha 2016, dar léi, agus buaicphointe a bhí ann, chomh maith, do Aidan Cúnamh Dunne san athbhreithniú a rinne sé ar an gcultúr san athbhreithniú a rinne sé ar 2016 san Irish Times.

I measc na dtaispeántas agus na dtionscadal eile ar a ndearnadh athbhreithniú nó clúdach leathan in 2016, bhí *A Fair Land* (an Irish Times) (gné-alt 2 leathanach, chomh maith, sa Saturday Magazine maidir le *The School for Revolutionary Girls*, *Irishman's Diary* agus *Frontlines* le Frank McNally), an Irish Independent, VAN, Frieze, lovindublin.com); Duncan Campbell, *The Welfare of Tomás O' Hallissy* (Irish Tatler, an Sunday Times, The Gloss Magazine, Lyric FM, RTÉ Radio 1, gné-agallamh san Irish Times, RTE.ie), Emily Jacir, Europa (an Irish Examiner, Artforum, RTÉ Radio 1 (Arena) agus *The Passion according to Carol Rama* (Art News - "baineann saothar siarghabhálach le Carol Rama siar as Áras Nua-Ealaíne na hÉireann i mBaile Átha Cliath", Irish Tatler, an Sunday Times - "Seó gríosaitheach agus díograiseach é seo, agus braithim go bhfuil gach cuid de úr go fóill", balladof.co.uk, Art and Antiques, Dublin City FM, The Guide, an Guardian).

Chroch ÁNEÉ roinnt taispeántas ar an mballa in 2016, ina measc *Bailiúchán ÁNEÉ: A Decade*, agus *Bailiúchán ÁNEÉ: Tionscadal Freud*, dar ndóigh. Rinne tionscnamh nua, a soláthraíodh le tacaíocht ó na comhpháirtithe, Hennessy Ireland dar teideal *The Hennessy Art Fund for IMMA Collection* samhlaíocht an lucht féachana agus na nuachtán a mhúscailt go mór, agus rinneadh athbhreithnithe doimhne air sa Sunday Times, "Showing Faith in the Future", an Irish Times, Totally Dublin, IMAGE, entertainment.ie, CIRCA, an Irish Independent agus RTÉ Radio 1, Arena. Roghnaigh Gemma Tipton saothar Chiste Ealaíne Hennessy le Dennis McNulty mar cheann dá buaicphointí cultúrtha don bhliain 2016 i rogha dheireadh na bliana san Irish Times.

Lucht féachana

Ba léir, arís eile, gur tháinig borradh suntasach ar líon na gcuariteoirí ar an suíomh in 2016, agus chothaigh an clár gnóthach agus an méadú ar thurasóireacht intíre agus idirnáisiúnta a bhain le ceiliúradh 2016 é seo. B'ionann líon iomlán na gcuariteanna ar an suíomh in 2016 agus breis agus 583,000 duine, arb ionann seo agus méadú 20% ar 2015. D'ainmnigh Fáilte Éireann ÁNEÉ mar an tríú díol spéise ar tugadh cuairt air in 2015, agus rinneadh an dara díol spéise saor in aisce ba mhó ar tugadh cuairt air in 2016.

Cuireadh deireadh leis an suirbhé bliantúil *Here and Now*, suirbhé ar 10 mórdhánlann in Éirinn, ÁNEÉ agus an Dánlann Náisiúnta ina measc agus ar thacaigh an Chomhairle Ealaíon leis, in 2016. Thug ÁNEÉ, ar an ábhar sin, faoi shuirbhé ar líne in 2016 agus cuireadh na ceisteanna céanna a cuireadh nuair a cuireadh deireadh leis an suirbhé féin.

Níor tháinig athrú ar phróifíl aoise ár lucht éisteachta agus tá breis agus 60% dár lucht féachana faoi bhun 44 bliain d'aois. Mná atá i dtromlach ár lucht féachana agus mholadh 94% den lucht féachana do chara

chun cuairt a thabhairt ar ÁNEÉ. Tá freastalaithe rialta ann, agus thug 84% cuairt ar ÁNEÉ breis agus uair amháin sa bhliain, agus thug 50% díobh siúd cuairt 4 huairé nó ní ba mhó sa bhliain.

Seirbhísí Cuairteoirí

In 2016, leanamar lenár straitéis chun scileanna ár bhFoirne eolaí Rannpháirtíochta Cuairteoirí a thabhairt chun solais agus a chothú. Ní chaitheann an fhoireann ar an láthair éide dhubh a thuilleadh, a dhéanann iad a idirdhealú ón bhfoireann slándála, agus caitheann siad láinnéir chiangoirm anois chun iad a dhéanamh inaitheanta don phobal. Déantar treoracha chun gnímh nó chun idirchaidreamh a dhéanamh leis an bhFoireann Rannpháirtíochta Cuairteoirí chun níos mó a fhoghlaim faoi shaothar ealaíne nó ealaíontóir anois i ngach Féilire Imeachtaí a chlóitear agus Treoir Taispeántais agus ar láithreán gréasáin ÁNEÉ.

Chuireamar córas nua ticéadaithe ar líne i bhfeidhm i nDeireadh Fómhair 2016 chun barr feabhais a chur ar eispéireas cuairteoirí nuair a chuireann siad ticéid in áirithe, agus chun bainistiú níos fearr a dhéanamh ar na hacmhainní in Ionad Freud chun go mbainfear an taitneamh is mó as na saothair.

Forbairt

Ba ghá díriú ar fhorbairt mar gheall ar shrianta airgeadais agus ciorrú ar chistiú ón rialtas. Cruthaíodh agus ceapadh ról nua Ceann an Lucht Féachana agus Forbartha go déanach i Meán Fómhair 2015 agus oibríonn an duine seo le beirt oifigeach Tiomsaithe Airgid (Príobháideach agus Corparáideach) agus leis an Stiúrthóir agus an Grúpa Comhairleach Forbartha ag obair forbartha ÁNEÉ.

ÁNEÉ 1000

Seoladh an tionscnamh *ÁNEÉ 1000*, ar thosaíomar ag oibriú air in 2015, go poiblí Dé Céadaoin, an 13 Aibreán leis an Stiúrthóir Sarah Glennie, John Cunningham (bunaitheoir *ÁNEÉ 1000*) agus na healaíontóirí Jesse Jones, Grace Weir agus Gerard Byrne. Seoladh an tionscnamh le ciste tosaigh €60,000 agus é mar chuspóir an ciste seo a dhúbailt in 2016 i measc daoine aonair príobháideacha. Tá an sprioc seo á baint amach againn de réir a chéile chun an figiúr seo a bhaint amach faoi Aibreán 2017.

Comhpháirtíochtaí Corparáideacha

Leanamar lenár gcaidreamh tábhachtach trí bliana le Matheson, a thacaíonn le hEalaín Nua a chruthú ag ÁNEÉ. A bhuíochas le tacaíocht Matheson, d'éirigh linn breis agus fiche ealaíontóir a choimisiúnú agus oibriú leo in 2016 chun saothar nua a chur i láthair i mBaile Átha Cliath.

D'fhógraíomar comhpháirtíocht nua ilbhliana in 2016 le Hennessy Ireland chun ciste nua fála a chruthú chun saothair a cheannach le healaíontóirí Éireannacha agus atá bunaithe in Éirinn ach nach bhfuil mar chuid de Bailiúchán Náisiúnta Ealaíne Comhaimseartha agus Nua-Ealaíne ÁNEÉ go fóill. Tugtar *Ciste Ealaíne Hennessy do Bhailiúchán ÁNEÉ* air seo agus chuir an tionscnamh seo ar chumas ÁNEÉ chun roinnt saothar a cheannach don Bhailiúchán den chéad uair ó 2011 i leith. Déanann an chomhpháirtíocht roghnú, cruthú, cur chun cinn agus ceiliúradh Chiste Ealaíne Hennessy agus taispeántas na saothar a chur in airde ar na ballaí i nDánlanna ÁNEÉ a chistiú.

Chomh maith leis sin, d'fhógraíomar beirt chomhaltaí corparáideacha nua de Chiorcal Freud, BMP Paribas agus Credit Suisse a thacaíonn le *Tionscadal Freud Bhailiúchán ÁNEÉ* le breis agus trí bliana, ag a bhfuil bronntóirí príobháideacha nach mian leo go luafar a n-ainm.

Ballraíocht

Trí dhíriú ar earcaíocht agus coinneáil in 2016, tá clár treisithe Ballraíochta bainte amach againn. Cuireadh breis agus fiche imeacht tiomnaithe ar bun do Chomhaltaí i gcaitheamh na bliana agus leagadh béim ar a n-idirchaidreamh le clár ÁNEÉ a neartú, agus leis na hamharc-ealaíona i mBaile Átha Cliath i gcoitinne. Bhí dhá thaispeántas ar gearradh táille ar chead isteach chucu i gcaitheamh na bliana agus leag seo an bhéim ar thairbhí na Ballraíochta, agus spreag seo líon mór earcaithe chun bheith rannpháirteach sa chlár.

Tacaíocht Chomhchineáil

In 2016, bhain ÁNEÉ comhpháirtíocht nua chruthaitheach amach le hÓstan Dean ar a raibh luach os cionn €27,000 sa bhliain agus bhí Tiger Beer ar phríomhurrathóir an taispeántais. Sholáthair Deontas Google de bhreis ar €100,000 d'fhógraíocht ar líne in 2016 agus comhpháirtíocht chruthaitheach le BBDO (Irish International roimhe seo), de bhreis ar luach €60,000 de sheirbhísí cruthaitheacha. Glacthas le buíochas le scileanna comhpháirtíochta tacaíochta agus tionscadail chomhchineáil ó na comhoibrithe tógála, Swift Scaffolding, Hentech Fabrication agus Rilco Roofing don tionscadal mór comhoibreacha, *A Fair Land*.

In 2016, lean ÁNEÉ lena rannpháirtíocht, chomh maith, in Institiúid DeVos agus sa chlár tiomsaithe airgid do na hEalaíona, *New Stream*.

B'ionann an t-ioncam iomlán a thiomsaigh ÁNEÉ ó Chomhpháirtíochtaí, urraíocht, tabhartais, ballraíocht, eagráin, tabhartais dhaonchairdiúla agus contra-chaidreamh agus €568,000.

Gníomhaíochtaí Tráchtála

Siopa ÁNEÉ 2016

Leanann an láimhdeachas ag dul i méid i siopa ÁNEÉ i ndiaidh gur athlonnaíodh é, agus chuir sé go mór le cúrsaí sa bhliain. Cuireadh tús le hobair sa chuid dheireanach den bhliain chun corrlaigh a bhreismhéadú trí athbhreithniú agus athrú a dhéanamh ar an meascán táirgí.

Oibríochtaí

Mealladh breis agus 32,000 aoi i gcaitheamh na bliana, agus ba thréimhse buacach 2016 i dtaobh imeachtaí ag an RHK. B'ionann an céatadán de mhéadú a tháinig ar ár bhfigiúr brabúis ó 2015 go 2016 agus 18%, a thugann méadú 42% le fios le 2 bhliain anuas agus ba ghnó nua 67% den mhéadú seo. Thacaigh suíomh RHK le Comóradh Sheachtain na Cásca 2016 ón 3 go dtí an 12 Márta, agus sholáthair seo an suíomh don chúirtéis 21 Gunna a léirigh na Fórsaí Cosanta Domhnach Cásca, anuas ar imeacht Lá Idirnáisiúnta na mBan a chur ar siúl, ina raibh an tUachtarán Mícheál D Ó hUiginn mar an príomhaoi agus an príomhcainteoir.

Leanann tóir a bheith orainn mar shuíomh solúbtha i measc cuideachtaí scannánaithe agus tá caidreamh maith againn le bainisteoirí suímh, a thug Sean Penn agus Mel Gibson chuig an suíomh agus a bhí i measc na bpríomhaisteoirí in 'The Professor'. Rinne an infheistíocht in uasghrádú an leathanbhanda gan sreang agus san fheachtas margaíochta digití an beart, mar gheall go raibh míonna a bhíodh ciúin riamh anall, ar nós mhí lúil, gnóthach. Bhí seo le tabhairt faoi deara, ach go háirithe, sa mhéadú a tháinig ar ghnó bainise agus liostáladh an t-ionad in *One Fine Day* i measc scoth na n-ionad pósta in Éirinn. Is fiú a thabhairt faoi deara gur tháinig borradh suntasach ar scála imeachtaí cliant agus ar infheictheacht an mhéid airgid a bhí á chaitheamh. Leanadh lenár séasúr ceolchoirmeacha samhraidh agus cuireadh Féile eile rathúil *Forbidden Fruit* ar bun i gcaitheamh dheireadh seachtaine saoire bhainc mhí an Mheithimh agus chuireamar ceolchoirmeacha ar bun le Sigur Ros, Faithless, Disclosure agus Stereophonics.

Appendix 1 – New Acquisitions 2016

Kevin Atherton

***In Two Minds*, 1978 - 2014**

Two-channel video

Dimensions Variable; Duration: 25min.18 sec

Collection Irish Museum of Modern Art

Purchase, Hennessy Art Fund for IMMA Collection, 2016

IMMA.4006

8071

Kevin Atherton

***Time Piece*, 1974 - 2014**

Black and white framed photograph, video recording

50.5 x 163 x 13 cm

Collection Irish Museum of Modern Art

Donation, 2016

IMMA.4007

8142

David Beattie

***The Impossibility of an Island*, 2015**

Used cymbal, broken concrete, carpet underlay, cable

Dimensions Variable

Collection Irish Museum of Modern Art

Purchase, Hennessy Art Fund for IMMA Collection, 2016

IMMA.4004

8069

Rhona Byrne

Bolthole, 2012

Fabraic, plaisteach, cairpéad agus ceanglóirí

Toisí Athraitheacha

Bailiúchán Áras Nua-Ealaíne na hÉireann

Ceannach, Ciste Ealaíne Hennessy do Bhailiúchán ÁNEÉ 2016

IMMA.4003

8024

Harry Callahan

Ireland, 1979

Prionta aistrithe ruaimhe

39.2 x 28.6 cm

Bailiúchán Áras Nua-Ealaíne na hÉireann

Ar iasacht ó Chairde Mheiriceá na nEalaíon in Éirinn, 2016

L.2016.2

7541

Harry Callahan

Ireland, 1979

Prionta aistrithe ruaimhe

39.2 x 28.6 cm

Bailiúchán Áras Nua-Ealaíne na hÉireann

Ar iasacht ó Chairde Mheiriceá na nEalaíon in Éirinn, 2016

L.2016.1

7540

Duncan Campbell

The Welfare of Tomás Ó Hallissy, 2016

Fad: 31 nóim.

Bailiúchán Áras Nua-Ealaíne na hÉireann

Coimisiúnaithe ag ÁNEÉ leis na comhchoimisinéirí Van Abbemuseum, Eindhoven agus Western Front, Vancouver, 2016.

IMMA.4018

8862

Brian Eno

Priontáil dhigiteach ar phlaisteach PETG

40.6 x 40.6 cm

Bailiúchán Áras Nua-Ealaíne na hÉireann

Tabhartas, 2016

IMMA.3999

7808

Brian Eno

Tender Divisor, 2016

Priontáil dhigiteach ar phlaisteach PETG

40.6 x 40.6 cm

Bailiúchán Áras Nua-Ealaíne na hÉireann

Tabhartas, 2016

IMMA.4000

7809

Siobhán Hapaska

Change, 2002

Snáithínghloine, brat glóthaí, mailp Mheiriceánach solas leictreach

133 x 184 x 192 cm

Bailiúchán Áras Nua-Ealaíne na hÉireann

Tabhartas, Emma agus Fred Goltz, 2016

8895

Jaki Irvine

If The Ground Should Open, 2016

Físeán ardghléine 8 gcainéal

Toisí Athraitheacha; Fad: 48 nóim.

Bailiúchán Áras Nua-Ealaíne na hÉireann

Coimisiúnaithe ag ÁNEÉ mar chuid de chlár 1916, Nollaig 2016

IMMA.4009

8856

Caroline McCarthy

Promise, 2003

Pacáistiú Béile Réamhullmhaithe, Potaí Plandaí, Sreang, Adhmad, Soilsiú

Toisí Athraitheacha

Bailiúchán Áras Nua-Ealaíne na hÉireann

Tabhartas, Meitheamh 2016

IMMA.4008

7807

Dennis McNulty

I reached inside myself through time, 2015

Téacsanna ó amlíne Olaf Stapledon le haghaidh Last and First Men, taifeadadh a capella d'fhonnadóireacht Morten Harket le haghaidh *The Sun always shines on TV* a aimsíodh ar líne, léiriú True Type (digiteach) ar Futura Front le Paul Renner, taifeadtaí freagartha ríge ardghléine a rinneadh i spásanna éagsúla in Lofoten, DAW REAPER (stáisiún oibre fuaime digiteach) le breiseán aifhuaimnithe conbhlóidithe, closghníomhróirí Feonic, aimplitheoir steiréó, 2 ríomhaire Raspberry-Pi ar a bhfeidhmítear Raspbian, foireann uirlisí foinse oscailte Openframeworks, ríomhchlárú, scáileán mionathraithe LCD, Arduino Uno le taispeáint 2.8" TFT, mála frithstatach, próifílí alúmanaim, cáblaí, dlúthairí cábla, cnónna, boltaí, scriúna, adhmad, caolrabhaisc, strapaí raicín, scannán Easygrow Eco de dhath Airgid/Bán, pillín, cairpéad dubh agus péint dhearg ola

Toisí Athraitheacha

Bailiúchán Áras Nua-Ealaíne na hÉireann

Ceannach, Ciste Ealaíne Hennessy do Bhailiúchán ÁNEÉ 2016

IMMA.4005

8070

Dennis McNulty

***INTERZONE*, 2012**

Físeán dathanna, stéiréafhuaim

Fad: Thart ar 13 nóim.

Bailiúchán Áras Nua-Ealaíne na hÉireann

Coimisiúnaithe ag Comhairle Contae Fhine Gall mar chuid dá gClár Ealaíne Poiblí 2007-2013, a cistíodh tríd an Scéim 'Per Cent for Art' de chuid na Roinne Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, agus bronnata mar thabhartas ag an ealaíontóir, 2016

IMMA.4017

8143

Asako Narahashi

***Jonanjima No. 3, 2002*, 2008**

Prionta datha chrómaighéinigh

60 x 90 cm

Bailiúchán Áras Nua-Ealaíne na hÉireann

Tabhartas, Bailiúchán David Kronn, 2016

IMMA.4002

7545

Mark O'Kelly

***Empireland*, 2016**

Ola ar ábhar olaphrímeáilte

280 x 900 cm

Bailiúchán Áras Nua-Ealaíne na hÉireann

Tabhartas, 2016

IMMA.4010

8863

Scott Whittle

Dubai, 2003

C-phrionta

24.5 x 20 cm

Bailiúchán Áras Nua-Ealaíne na hÉireann

Tabhartas, Bailiúchán David Kronn, 2016

IMMA.4001

7546

CLÁR ÁBHAR

Tuarascáil na Stiúrthóirí	40
An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	43
Beartais Chuntasaíochta	43
An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas	45
An Ráiteas ar an Staid Airgeadais	47
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	49

STIÚRTHÓIRÍ AGUS COMHAIRLEOIRÍ GAIRMIÚLA

Stiúrthóirí:

Mary Apied	Denis Hickie *
Gerard Byrne*	Penelope Kenny
Jane Dillon Byrne	Mary McCarthy **
Dermod Dwyer	Declan Moylan *
Brendan Flynn ***	Eimear O'Connor ***
Rowan Gillespie ***	Sheila O'Regan
Emma Goltz	Brian Ranalow ***
David Harvey (Cathaoirleach)	Tim Scanlon *

* Ceapadh na comhaltaí seo a leanas:

Stiúrthóir	Dáta ceaptha
Gerard Byrne	3 Feb 2016
Denis Hickie	31 Jan 2016
Declan Moylan	31 Jan 2016
Tim Scanlon	31 Jan 2016

** Athcheapadh an comhalta seo a leanas:

Stiúrthóir	Dáta athcheaptha
Mary McCarthy	31 Jan 2016

*** D'éag téarma oifige an chomhaltaí seo a leanas:

Stiúrthóir	Dáta
Brendan Flynn	an 28 Ean 2016
Rowan Gillespie	an 28 Ean 2016
Eimear O'Connor	an 3 Fea 2016
Brian Ranalow	an 28 Ean 2016

Stiúrthóir an Mhúsaeim	Sarah Glennie
Uimhir Charthanais	20012793
Rúnaí:	Frank Brennan
Baincírí:	Banc na hÉireann, Sráid San Séamas, Baile Átha Cliath 8
Iniúcháirí:	An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste, 3A Sráid an Mhéara Uachtarach, Baile Átha Cliath 1
Oifig Chláraithe:	Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann, Baile Átha Cliath 8

Aturnaetha:	Ivor Fitzpatrick agus a Chuideachta, 44-45 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2
--------------------	---

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil, anuas ar na ráitis airgeadais iniúchta i láthair don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016.

PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHT

Is é príomhghnó na Cuideachta Áras Nua-Ealaíne na hÉireann a bhainistiú agus a fhorbairt ag Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann agus Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann a thailte a chur chun cinn mar mhórlionad cultúir agus ealaíonta atá inrochtana don phobal.

TORTHAÍ

Tá sonraí maidir leis na torthaí le haghaidh na bliana agus staid na ngnóthaí ag deireadh na bliana leagtha amach ar Leathanaigh 42-74.

ATHBHREITHNIÚ AR GHNÓ AGUS FORBAIRTÍ AMACH ANSEO

Ba shásúil don staid airgeadais ag deireadh na bliana. Braitheann leibhéal na gníomhaíochta amach anseo, áfach, ar Dheontas an Oireachtais a leithdháiltear ar an músaem.

PRÍOMHRIOSCAÍ AGUS ÉIGINTEACHTAÍ

Tá freagracht ar na stiúrthóirí as na rioscaí a bhaineann le gníomhaíochtaí oibriúcháin na Cuideachta agus tá siad ar an eolas fúthu. Tá siad muiníneach go dtugann córais imleora rialaithe inmheánaigh dearbhú réasúnta i gcoinne na rioscaí siúd agus tá sé d'aidhm acu cloí leis na dlíthe agus na beartais, úsáid éifeachtach agus éifeachtúil acmhainní na Cuideachta a chinntiú, sócmhainní na Cuideachta a chosaint, agus iomláine na faisnéise airgeadais a tháirgtear a choimeád.

Tá an fhaisnéis airgeadais faoi réir athbhreithniú mionsonraithe agus rialta ar leibhéal stiúrthóra agus monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar oibríochtaí agus stádas airgeadais na Cuideachta á gcur san áireamh. Déanann na stiúrthóirí monatóireacht agus pleanáil leanúnach maidir le himharthanacht airgeadais na heagraíochta i dtimpeallacht chistithe atá ag athrú i gcónaí.

Chomh maith le feidhmiú na nósanna imeachta inmheánacha, tá an Chuideachta faoi réir iniúchadh seachtrach reachtúil. Tá nósanna imeachta agus cleachtais forbartha ag an gCuideachta ar fud na heagraíochta d'fhonn comhlíonadh rialacha agus rialacháin tuairiscithe a chinntiú. Leanfaidh an Chuideachta d'fheabhas a chur ar na córais seo leis na caighdeáin is airde trédhearcachta agus chuntasaíochta a choimeád.

STIÚRTHÓIRÍ

Leagtar amach ballraíocht an Bhoird ar leathanach 36.

DEONACHÁIN PHOLAITIÚLA

Ní dhearna an Chuideachta deonacháin pholaitiúla ar bith le linn na bliana, faoi mar a shainítear san Acht Toghcháin, 1997.

RÁITEAS SÁBHÁILTEACHTA

I gcomhréir leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, réitigh an Chuideachta Ráiteas Sábháilteachta, agus cuireann sí i bhfeidhm é i ngach ceann dá hionaid oibre.

INIÚCHÓIRÍ

Tá an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste freagrach as iniúchadh na Cuideachta de réir Alt 5 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

TAIFID CHUNTASAÍOCHTA

Is iad na bearta faoinar thug na stiúrthóirí lena chinntiú go gcomhlíontar ceanglais Ailt 281 go dtí 285 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, maidir le leabhair chúil chuntais beartais agus nósanna imeachta riachtanacha a chur i bhfeidhm chun idirbhearta a chur i dtaifead, pearsanra inniúil cuntasaíochta a fhostú a bhfuil an saineolas cuí acu agus acmhainní leordhóthanacha a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coimeádtar leabhair chuntais na cuideachta ag Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann, Baile Átha Cliath 8.

AN RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ NA STIÚRTHÓIRÍ

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2016

The na stiúrthóirí freagrach as Tuarascáil na Stiúrthóirí tuarascáil agus na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le dlí agus rialacháin na hÉireann.

Ceanglaítear i ndlí cuideachtaí na hÉireann ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. Faoin dlí sin, thogh na stiúrthóirí chun na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le FRS102. Faoin dlí cuideachtaí, ní mór nach bhfaomhfaidh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais mura bhfuil siad sásta go dtugtar léiriú fíor agus cóir iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na cuideachta ag deireadh na bliana agus bhrabús nó cailteanas na cuideachta don bhliain airgeadais agus go gcomhlíonann siad, ar bhealach eile, Acht na gCuideachtaí, 2014.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear na stiúrthóirí an méid seo a leanas a dhéanamh:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú do ráitis airgeadais na cuideachta agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ina dhiaidh sin;
- breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- a lua cibé acu ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, na caighdeáin siúd a shainaithint, agus an t-éifeacht agus na cúiseanna a bhíonn le haon imeacht ábhartha ó na caighdeáin siúd, agus
- Na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn gnóthas leantach, mura cuí a mheas go leanfaidh an chuideachta i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoimeádann an chuideachta nó go gcuirtear faoi deara go gcoimeádann an chuideachta taifid chuntasaíochta leordhóthanacha, ina mínítear agus ina gcuirtear i gcuntas i gceart idirbhearta na cuideachta, agus a chumasaíonn ag aon tráth sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó cailteanas na cuideachta a dheimhniú le cruinneas réasúnta, a chuireann ar a gcumas a chinntiú go n-áirítear leis na ráitis airgeadais agus le tuarascáil na stiúrthóirí gach nochtadh faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 agus a chumasaíonn na taifid chuntasaíochta a iniúchadh. Tá siad freagrach, chomh maith, as sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus, dá bhrí sin, as dul i mbun bearta réasúnta chun cosc a chur ar chalaíoch agus ar neamhrialtachtaí eile nó iad a bhrath.

Thar ceann an Bhoird

David Harvey

Cathaoirleach

Dáta:

AN RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Thar ceann Bhord Stiúrthóirí Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, aithnímid an fhreagracht atá orainn chun a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á choimeád agus á fheidhmiú.

Dearbhú Réasúnta in aghaidh Earráid Ábhartha

Ní féidir leis an gcóras ach a dhearbhu go réasúnta, seachas go hiomlán, go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraitear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil.

Timpeallacht Rialaithe

Tá an Bord freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar na Córais Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais. Tá an Coiste Rioscaí Airgeadais agus Iniúcháireachta, mar fho-choiste den Bhord, freagrach as comhairle a chur ar an mBord maidir le ceisteanna Airgeadais, Iniúcháireachta agus Bainistíochta Riosca. Chuaigh an Bord i mbun príomhbheart ina leith seo lena chinntiú go bhfuil an timpeallacht chuí rialaithe i bhfeidhm, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun teipeanna suntasach rialaithe a thuirisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú.

Córais Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Coimeádann an Fhoireann Bhainistíochta Sinsearaí na córais rialaithe inmheánaigh airgeadais atá bunaithe ar chreat rialta faisnéis, beartais agus nósanna imeachta bainistíochta agus ar chóras údarais tarmligthe. Tá beartais agus nós imeachta i bhfeidhm chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Sócmhainní na cuideachta a chosaint;
- A chinntiú go bhfuil na taifid airgeadais cruinn agus iontaofa;
- Cloítear le gach dlí agus rialachán tuairiscithe riachtanach;
- Déantar buiséid bhliantúla; cuntais mhionsonraithe bhainistíochta agus tuairisciú ar athraitheas a sholáthar ar bhonn ráithiúil;
- Réitítear príomhchuntais rialaithe, réitigh bhainc ina measc, ar bhonn rialta;
- A chinntiú go gcuirtear oiliúint ar an bhfoireann faoi mar a bhíonn ag teastáil óna bhfreagracht fheidhmeach agus go gcuirtear dóthain oiliúna ar an bhfoireann maidir le córais airgeadais

Gníomhaíochtaí sa Bhliain

- Chas an Coiste Airgeadais, Rioscaí agus Iniúcháireachta ar a chéile 3 huairé in 2016;
- Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú iomlán ar Chlár na Rioscaí sa bhliain;
- Chuir iniúcháir inmheánach ÁNEÉ Plean Iniúcháireachta Inmheánaí i láthair don tréimhse 2016/2017 agus d'fhaomh an Coiste Airgeadais, Iniúcháireachta agus Riosca é;

Bailiúchán an Mhúsaeim a Rialú

- Faoi mar a leagtar amach i mBeartas Cuntasaíochta 1(h), tá bailiúchán nua-ealaíne ag an Músaem ina gcuimsítear de bhreis ar 3,800 saothar. I 1998, ní raibh ach beagán os cionn 1,000 earra sa bhailiúchán. Tháinig borradh mear ar an mbailiúchán ó 2000 ar aghaidh agus faoin mbliain 2011, bhí breis agus 3,000 saothar ann. Cé go bhfuil borradh an-suntasach tagtha ar an mbailiúchán le himeacht na mblianta, níor tháinig forbairt ar an luas céanna ar an gcóras a theastaíonn chun an Bailiúchán a bhainistiú agus cúram a thabhairt dó. Sainaithníodh i dtuarascáil iniúchóireachta inmheánaí in Aibreán 2016 agus tuarascáil leantach in Aibreán 2017 roinnt saincheisteanna maidir leis an mbailiúchán a bhainistiú:
 - Ní raibh beartais maidir le bailiú, éadail, diúscairt agus iasachtaí i bhfeidhm
 - Bhí moill ar earraí a fuarthas a chatalógú
 - Níor tugadh faoi fhóru fisiciúil an bhailiúcháin
 - Bhí earraí ar an gcóras nach raibh aon láthair cur i dtaifead dóibh
 - Níorbh ann do chomhaontuithe iasachta d'earraí áirithe a tugadh ar iasacht le tríú páirtithe

Tá an músaem tiomanta dá chóras bainistíochta bailiúcháin a thabhairt ar aon dul le caighdeán an Mhúsaem agus chuaigh sé i mbun nó beartaíonn sé dul i mbun roinnt gníomhartha chun dul i ngleic leis na saincheisteanna seo a leanas a thagann chun solais.

- Forbraíodh agus faomhadh beartas éadálacha. Beartaítear beartais fhaofa a bheith i bhfeidhm do gach gné de bhainistíocht an bhailiúcháin in 2018.
- Thug Oifig an Chláraitheora fóru fisiciúil iomlán chun críche ar an mbailiúchán i Márta 2017 agus cuirfear tuarascáil faoi bhráid an Choiste Bailiúcháin agus Éadálacha.
- Tá an Músaem ag tabhairt faoi athbhreithniú ar a chórais TF iad siúd san áireamh a bhaineann le Bainistíocht an Bhailiúcháin.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Deimhním gur thug an Bord faoi athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais maidir leis an mbliain 2016.

David Harvey

Cathaoirleach

**AN RÁITEAS AR IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ COIMEÁDTA IONCAIM
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2016**

	NÓTA	2016	2015
		€	€
Deontas an Oireachtais – (Vóta 33, Fotheideal A5)	3.	<u>4,899,723</u>	<u>4,850,227</u>
 <u>IONCAM EILE</u>			
Gníomhaíochtaí tráchtála	4.	1,111,758	849,949
Urraíocht	5.	263,039	247,718
Ús infhaighte	6.	142	110
Ioncam eile		13,227	21,141
Fáltais chláir	7.	135,746	137,492
Glanchistiú iarchurtha pinsin	19c.	<u>1,105,158</u>	<u>1,073,069</u>
		<u>2,629,070</u>	<u>2,329,479</u>
 <u>IONCAM IOMLÁN</u>		<u>7,528,793</u>	<u>7,179,706</u>
 <u>CAITEACHAS</u>			
Gníomhaíochtaí tráchtála	4.	439,450	358,938
Clár ealaíon	7.	1,894,960	1,810,509
Riarachán/coimeádaíocht/slándáil	8.	3,054,196	2,876,047
Margaíocht	9.	130,160	113,819
Cothabháil	10.	902,064	878,094

Costais Sochair Scoir	19a.	<u>1,077,161</u>	<u>1,096,221</u>
<u>CAITEACHAS IOMLÁN</u>		<u>7,497,991</u>	<u>7,133,628</u>
Barrachas don bhliain roimh leithreasáí	2.	30,802	46,078
larmhéid a tugadh anonn an 1 Eanáir 2016		<u>(190,996)</u>	<u>(237,074)</u>
larmhéid tugtha anonn an 31 Nollaig		<u>(160,194)</u>	<u>(190,996)</u>

AN RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2016

	NÓTA	2016	2015
		€	€
<u>SÓCMHAINNÍ SEASTA</u>			
Sócmhainní Oidhreachta	12.	30,696,121	30,411,827
Maoin, gléasra agus trealamh	13.	<u>135,734</u>	<u>203,780</u>
		30,831,855	30,615,607
<u>SÓCMHAINNÍ REATHA</u>			
Fardal	14.	64,309	65,798
Infháltais	15.	302,995	286,614
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		<u>815,149</u>	<u>342,202</u>
		<u>1,182,453</u>	<u>694,614</u>
<u>DLITEANAIS REATHA: suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin</u>			
Suimeanna iníoctha	16.	<u>(1,501,581)</u>	<u>(1,043,603)</u>
GLANDLITEANAIS REATHA		<u>(319,128)</u>	<u>(348,989)</u>
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE			
DLITEANAIS REATHA		30,512,727	30,266,618
<u>Sócmhainní Iomlána Lúide Dliteanais Reatha roimh Shochair Scoir</u>			
Sócmhainn Chistithe Iarchurtha Sochair Scoir	19c.	18,358,136	17,057,060

Oibleagáidí Sochair Scoir	19b.	<u>(18,358,136)</u>	<u>17,057,060</u>
		<u>0</u>	<u>0</u>
GLANSÓCMHAINNÍ IOMLÁNA		<u>30,512,727</u>	<u>30,266,618</u>

A LÉIRÍONN:

Cúlchistí Ioncaim Coimeádta		(160,194)	(190,996)
Cuntas Caipitil (Saothair Ealaíne)	18.	30,632,771	30,367,771
Deontais Iarchurtha an Oireachtais	3.	<u>40,150</u>	<u>89,843</u>
		<u>30,512,727</u>	<u>30,266,618</u>

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Leagtar amach thíos bonn na cuntasáíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta ar ghlac Áras Nua-Ealaíne na hÉireann leo. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad go léir i gcaitheamh na bliana agus don bhliain roimhe sin.

a. FAISNÉIS GHINEARÁLTA

Bunaíodh Áras Nua-Ealaíne na hÉireann faoi Acht na gCuideachtaí, 1963 (arna leasú ag Acht na gCuideachtaí, 2014) agus tá ceannoifig an Mhúsaeim Ionraithe ag Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann, Cill Mhaighneann, Baile Átha Cliath 8.

FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA

Tá an Chuideachta, a corpraíodh an 18 Aibreán 1985 faoi Acht na gCuideachtaí, 1963, faoi theorainn ráthaíochta agus níl scairchaipiteal aici.

Tá gach ball faoi dhliteanas fhiacha agus dhliteanais na Cuideachta i gcás go dtarlódh foirceannadh a mhéid leis an tsuim sin a d'fhéadfadh bheith ag teastáil ach gan é a bheith níos mó ná €1.27 in aghaidh an bhaill.

b. PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHT

Is é príomhghnó na Cuideachta Áras Nua-Ealaíne na hÉireann a bhainistiú agus a fhorbairt ag Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann agus Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann a thailte a chur chun cinn mar mhóronad cultúir agus ealaíonta atá inrochtana don phobal.

Aonán Tairbhe Poiblí is ea Áras Nua-Ealaíne na hÉireann.

c. RÁITEAS COMHLÍONTA

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Áras Nua-Ealaíne na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 i gcomhréir le FRS FRS102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn agus a d'eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais (an CTA), arna bhfógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

d. BONN AN ULLMHÚCHÁIN

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, seachas i gcás sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ar a luachanna córa, faoi mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm a d'fhaomh an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, le comhthoilíú an Aire Airgeadais faoi Acht na gCuideachtaí, 2014. Cuireadh na beartais chuntasaíochta a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhíodas ag déileáil leis na hearraí a mheastar atá ábhartha maidir le ráitis airgeadais Áras Nua-Ealaíne na hÉireann.

e. IONCAM

DEONTAIS AN OIREACHTAIS (Neamhchaipiteal)

Aithnítear ioncam go ginearálta ar bhonn fabhruithe; eisceacht amháin ina leith seo iad Deontais an Oireachtais a aithnítear ar bhonn fáltais airgid.

DEONTAIS AN OIREACHTAIS (Caipiteal)

Meastar gurb ionann deontais a leithdháileadh chun saothair ealaíne a fháil agus caipiteal a tugadh mar thabhartas agus aistrítear iad chuig an gCuntas Caipitil (Saothair Ealaíne). Déantar deontais a leithdháileadh chun sócmhainní seasta inláimhsithe a cheannach a amúchadh thar shaolré na sócmhainne seasta ábhartha a ceannaíodh.

IONCAM Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ TRÁCHTÁLA

Cuirtear ioncam ó Ghníomhaíochtaí Tráchtála na Cuideachta i gcuntas ar bhonn fabhruithe agus déantar é a thuairisciú gan Cáin Bhreisluacha a chur san áireamh.

URRAÍOCHT

Cuirtear ioncam urraíochta chun sochair an Ráitis ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta sa bhliain ina dtabhaítear an caiteachas infheidhme. Sa chás go ndearnadh caiteachas a iarchur chuig tréimhse amach anseo, iarchuirfear aon ioncam a bhaineann leis an gcaiteachas sin chomh maith.

f. CUNTAS CAIPITIL (Saothair Ealaíne)

Léirítear sa Chuntas Caipitil (Saothair Ealaíne) an t-ioncam a leithdháileadh chun saothair ealaíne a fháil agus luach na n-oibreacha a tugadh don Chuideachta faoin reachtaíocht Chánach mar thabhartas.

g. MAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH

Luaitear Maoin, Gléasra agus Trealamh ar a gcostas lúide dímheas carnach, agus coigeartaítear iad d'aon fhoráil le haghaidh lagú. Gearrtar dímheas ar bhonn líne dhíreach ar an ráta bliantúil a leagtar amach thíos, d'fhonn na sócmhainní a dhíscríobh, atá coigeartaithe ar mhaithe le luach iarmharach, thar a saolré ionchasach úsáide.

Troscán, Feistis agus Trealamh 25% sa bhliain

Mótarfheithiclí 25% sa bhliain

Léiríonn luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair i ndiaidh sócmhainn a dhiúscairt, i ndiaidh costais mheasta diúscairthe a asbhaint, má bhí aois bainte amach ag an tsócmhainn cheana féin agus má bhí an bhail uirthi a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré úsáide.

Más ann d'fhianaise oibiachtúil i leith lagú luach sócmhainne, aithnítear cailiteanas lagaithe sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta sa bhliain.

h. SÓCMHAINNÍ OIDHREACHTA (Saothair Ealaíne)

Tá gach saothar ealaíne a chuirtear i dtaifead sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais de chineál ealaíonta agus coimeádtar iad go príomha mar gheall ar an méid a chuireann siad le heolas agus le cultúr.

Tá foirgneamh an Ospidéal Ríoga agus aon láithreacha eile a oibríonn ÁNEÉ faoi úinéireacht agus cothabháil an Stáit agus níl siad faoi úinéireacht na Cuideachta.

Nochtadh:

1) Cineál agus scála na sócmhainní oidhreachta atá á gcoimeád ag ÁNEÉ

Tá an Bailiúchán Náisiúnta d'ealaín nua-aimseartha agus chomhaimseartha suite in Áras Nua-Ealaíne na hÉireann agus tá ann 3,831 saothar faoi na mórtheidil a leanas:

Ealaín Ghrafach agus Grianghrafadóireacht – tagraíonn seo do shaothair dhéthoiseacha ar dhromchla réidh, ar nós priontaí, líníochtaí agus grianghrafadóireachta

- Péintéireacht – péinteáil ar dhromchla soladach, ar nós canbháis, cláir nó lín

- Dealbhóireacht – earra tríthoiseach
- Suiteán – saothair thríthoiseacha is minic a bhaineann go sonrach le suíomh agus atá in ainm is braistint an spáis a chlaochlú. Is minic go mbíonn saothair chlosamhairc i gceist leis seo a dhéanann spás a chlaochlú
- Meáin Nua/Eile – ealaín dhigiteach, grafaic ríomhaire, beochan ríomhaire/saghsanna eile de mheáin – taipéis, saothair ina bhfuil meáin iolracha agus cartlann ÁNEÉ Tá an bailiúchán suite go daingean san am i láthair agus cuirtear saothair nua thábhachtacha leis an mbailiúchán gach bliain. Is minic go gcuirtear barr feabhais ar ár mbailiúchán d’ealaín nua-aimseartha trí cheannach, coimisiúnú, tabhartas nó iasacht agus béim ar leith ar obair ó na 1940idí ar aghaidh.

2) An beartas um shócmhainní oidhreachta a fháil, a chaomhnú, a bhainistiú agus a dhiúscairt.

Bunaíodh Áras Nua-Ealaíne na hÉireann mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta agus níl scairchaipiteal aige faoi Acht na gCuideachtaí, 2014. Institiúid Náisiúnta Chultúrtha sinn faoi choimirce an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta.

Éadail.

Is é Bailiúchán ÁNEÉ an Bailiúchán Náisiúnta de Nua-Ealaín agus d’Ealaín Chomhaimseartha agus déanann sé bailiú san am i láthair. Is é a shainchúram chun ealaín an ama i láthair a bhailiú don am anseo, chun príomhfhorbairtí atá tagtha ar an gcultúr comhaimseartha amhairc a léiriú agus chun iad a choimeád san fhearann poiblí don ghlúin amach anseo.

Tabhartais.

Caithfidh an Stiúrtóir agus an Ceann Bailiúchán gach tabhartas a fhaomhadh le haghaidh éadála sular féidir iad a thabhairt os comhair an choiste éadála.

Ceannach.

Caithfidh an Stiúrtóir agus an Ceann Bailiúchán gach ceannach a fhaomhadh i dtosach báire sula dtugtar iad os comhair an choiste éadála. Tá sé faoi lánrogha an Stiúrtóra chun saothair a cheannach a mhéid le luach áirithe.

Caomhnú agus Bainistíocht.

Déanann ÁNEÉ monatóireacht agus i bhformhór na gcásanna, rialú gníomhach ar an timpeallacht (teocht, bogthaise, leibhéal solais) chun fad a chur le saolré na sócmhainní. Déanaimid idirchaidreamh, chomh maith, leis na saineolaithe caomhnaithe, nuair is gá. Déantar na saothair ealaíne a thaispeáint go poiblí de réir uainíochta i gclár poiblí ÁNEÉ. Féadtar saothair aonair a fheiceáil atá stóráilte i ndiaidh coinne roimh ré a dhéanamh.

Diúscairt.

Ní dhéanann ÁNEÉ aon saothair ealaíne a dhiúscairt ar mhaithe le brabús airgeadais. Faoi chúinsí eisceachtúla, mura féidir saothar ealaíne a shlánú (i.e. ní féidir é a chaomhnú), baintear an saothar ealaíne ón mbunachar agus déantar é a dhíchoimisiúnú.

Déanann an Músaem saothair ealaíne a éadail ar roinnt modhanna;

- a) Tabhartais faoi Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.
- b) Saothair Ealaíne a Tugadh mar Thabhartas
- c) Saothair Ealaíne a Ceannaíodh.

3) Áirítear leis na beartais chuntasáíochta lenar nglacadh le haghaidh sócmhainní oidhreachta, sonraí san áireamh faoi bhoinn tomhais a úsáideadh.

Seo a leanas an Luach a cuireadh ar an tsócmhainn ag tráth na héadála:

- a) Tabhartais faoi Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

Is féidir dliteanais chánach áirithe a réiteach trí earra tábhachtach oidhreachta a thabhairt mar thabhartas do bhailiúchán sonraithe náisiúnta a fhad agus a chomhlíontar coinníollacha áirithe. Déantar an luach margaidh a mheasúnú ag tráth an tabhartais.

- b) Saothair Ealaíne a Tugadh mar Thabhartas.

Déanann saineolaí inmheánach iad seo a luacháil ag trátha na héadála bunaithe ar shaothair ealaíne inchomparáide agus ar thosca seachtracha an mhargaidh.

- c) Saothair Ealaíne a Ceannaíodh.

Cuirtear iad seo i gcuntas ar chostas na héadála.

Ní thugann an Músaem faoi luacháil bhliantúil agus, dá bharr, tugtar saothair ealaíne anonn ar a gcostas ag dáta na héadála.

4) Cuirtear gach sócmhainn oidhreachta san áireamh sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

- 5) Nochtar Sócmhainní Oidhreachta a chuirtear i gcuntas sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais i Nóta 12.** Nochtar achoimre ar idirbhearta a bhaineann le Sócmhainní Oidhreachta a léiríonn costas agus luach na sócmhainní a rinneadh a éadail sa tréimhse i ngach ceann de na catagóirí a dtugtar cuntas orthu, i Nóta 12.

6) Seachas na saothair ealaíne a ceannaíodh agus a tugadh mar thabhartas faoi Alt 1003, dhearbhaigh saineolaithe inmheánacha luach iontaofa cóir le haghaidh na saothar ealaíne a tugadh mar thabhartas ag dáta na héadála, bunaithe ar cheann amháin nó níos mó den mhéid seo a leanas:

- i) Luachanna scríofa a cuireadh i dtaifead ar dtús (sa chás gurb infheidhme) nuair a tháinig na saothair ealaíne go dtí ÁNEÉ ar dtús
- ii) Luachanna ar a ndearnadh taighde trí leas a bhaint as Artnet, seirbhís luachála ar líne, a chuireann i dtaifead na praghsanna a baineadh amach ag na ceantanna agus na díolacháin go léir ar fud an domhain maidir leis an nua-ealaín agus an ealaín chomhaimseartha

i. **FARDAL**

Luaitear an fardal ar an gcostas is ísle agus ar an nglanluach inréadaithe. Is é an sainmhíniú a thugtar ar ghlánluach inréadaithe ná an praghas measta díola lúide gach costas a thabhófar chun margaíocht, díol agus dáileadh a dhéanamh.

j. **CÁNACHAS**

Tá an Chuideachta díolmhaithe ó Cháin Chorparáide faoi alt 76 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

k. **SOCHAR SCOIR**

Oibríonn an Músaem scéim pinsin sochair shainithe, atá cistithe go bliantúil ar bhonn ‘íoc de réir a chéile’ ó airgead atá ar fáil dóibh, lena n-áirítear airgead arna sholáthar ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta dó.

- l. Léiríonn costais pinsin sochair pinsin a thuill fostaithe sa tréimhse agus léirítear iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne a mheastar atá in-aisíoctha leis an Roinn i gcomhréir le socruithe maoinithe. Aithnítear suim atá cothrom leis an táille pinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála, agus seach-churtha ag deontais a fuarthas sa bhliain d'fhonn íocaíochtaí pinsin a scaoileadh.

Oibríonn ÁNEÉ Scéim Pinsin Seirbhísí Poiblí Aonair (“Scéim Aonair”), chomh maith, ar scéim le sochar sainithe í d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí atá in aois an phinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí chomhaltaí na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (an RCPA).

Léirítear gnóthachain nó cailteanais achtúireacha a eascraíonn ar dhliteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta.

- 2) Léirítear sna ráitis airgeadais na sócmhainní agus na dliteanais, ar luach cóir, a eascraíonn ó oibleagáidí pinsin Áras Nua-Ealaíne na hÉireann agus as aon chistiú gaolmhar, agus aithnítear na costais a bhaineann le sochair pinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasáíochta inar thuill fostaithe iad. Déantar dliteanais na scéime sochar scoir a thomhas ar bhonn achtúireach agus leas á bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa.

BREITHIÚNAIS AGUS MEASTACHÁIN CHUNTASAÍOCHTA CRITICIÚLA

Is gá bainistíocht a dhéanamh ar ullmhú na ráiteas airgeadais chun breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a dhéanann difear do na suimeanna a tugadh le fios le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail dháta an chláir chomhardaithe agus na suimeanna a tugadh le fios le haghaidh ioncam agus costas i rith na bliana. Mar gheall ar chineál an mheastacháin, áfach, d'fhéadfadh torthaí iarbhir a bheith éagsúil ó na meastacháin siúd. D'imir na breithiúnais seo a

leanas an tionchar ba shuntasá ar shuimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

3) a) Lagú Maoine, Gléasra agus Trealaimh

Déantar sócmhainní atá faoi réir amúchta a athbhreithniú i dtaobh lagú pé uair a thugann imeachtaí nó athruithe ar chúinsí le fios go bhféadfadh nach mbeadh an tsuim ghlanluacha inghnóthaithe. Aithnítear cailiteanas lagaithe don tsuim sin lena sáraíonn suim ghlanluacha na sócmhainne a suim inghnóthaithe. Is ionann an tsuim inghnóthaithe agus an luach cóir is airde a bhíonn ar shócmhainn lúide an costas a bhíonn ar an tsócmhainn sin a dhíol agus an luach a bhíonn uirthi fad a bhíonn úsáid á baint aisti. Ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar lagú, déantar sócmhainní a ghrúpáil ar na leibhéil is ísle dá bhfuil sreafaí airgid ar féidir iad a shainathint ar leithligh (aonaid ghinte airgid thirim). Déantar sócmhainní neamhairgeadais a bhí thíos le lagú a athbhreithniú i dtaobh aisiompú féideartha an lagaithe ag gach dáta tuairiscithe.

b) Dímhéas agus Luachanna Iarmharacha

Rinne na stiúrthóirí athbhreithniú ar na saolréanna sócmhainne agus ar luachanna gaolmhara iarmharacha gach aicme shócmhainne seasta agus, go háirithe, saolré úsáideach gheilleagrach agus luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas, agus bhain siad an tátal as go bhfuil saolréanna sócmhainne agus luachanna iarmharacha cuí.

c) Oibleagáid Sochair Scoir

Nuashonraítear na toimhdí a bhuntacaíonn leis na luachálacha achtúireacha dá ndeimhnítear na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortláochta agus treorátaí costas cúram sláinte ina measc) gach bliain bunaithe ar choinníollacha reatha eacnamaíochta, agus d'aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iar-scoir.

Is féidir leis an méid seo a leanas tionchar a imirt ar na toimhdí:

- i) An ráta lascaine, athruithe ar ráta an toraidh ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeán
- ii) Leibhéil chúitimh amach anseo, coinníollacha margadh saothair amach anseo.

4)

BARRACHAS DON BHLIAIN

Luaitear an barrachas i ndiaidh an méid a leanas a mhuirearú:

	2016	2015
	€	€
Luach saothair an iniúcháir	19,000	15,980

Amúchadh deontas caipitiúil	(29,618)	(29,619)
Dímheas	<u>99,827</u>	<u>120,595</u>

DEONTAS AN OIREACHTAIS (Vóta 33, Fotheideal A5)

	2016	2015
	€	€
Iarmhéid tosaigh	89,843	59,237
Deontais an Oireachtais a fuarthas	4,977,645	,807,000
Deontais an Oireachtais a fuarthas – caipiteal	<u>0</u>	<u>80,300</u>
	5,067,488	4,946,537

Lúide

Leithdháilte d'Ioncam	(4,927,720)	(4,827,075)
Deontas Caipitiúil Amúchta ar aon dul le dímheas	(29,618)	(29,619)
Leithdháilte do Chaipiteal	(70,000)	0
Iarmhéid Deiridh	<u>40,150</u>	<u>89,843</u>
Deontais an Oireachtais leithdháilte d'Ioncam	4,927,720	4,827,075
Lúide:		
Glanoibleagáidí Sochar Scoir (in-aisíoctha)/iníoctha	(27,997)	23,152
Deontas an Oireachtais a tuairiscíodh sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coimeádta Ioncaim	<u>4,899,723</u>	<u>4,850,227</u>
GNÍOMHAÍOCHTAÍ TRÁCHTÁLA		
	2016	2015
	€	€
<u>Láimhdeachas</u>		
Áitreabh agus trealamh a fhrúiliú	510,025	382,192
Móinéir/áiteanna faoin spéir a fhrúiliú	293,485	258,917
Ioncam saincheadúnais	61,297	56,199
Ioncam ó charrchlós	27,859	19,812
Díolacháin sa siopa leabhar	<u>219,092</u>	<u>132,829</u>
	<u>1,111,758</u>	<u>849,949</u>
<u>Costas Díolachán</u>		
Forchostais siopa leabhar	133,595	81,458
Tuarastail an tsiopa leabhar	81,497	71,289
Pá agus tuarastail	150,852	112,314
Glantachán	19,284	29,359
Costais dhíreacha taistil	46,220	55,812

Dímheas	<u>8,002</u>	<u>8,706</u>
	<u>439,450</u>	<u>358,938</u>
Barrachas		<u>672,308</u>
5) URRAÍOCHT		
	2016	2015
	€	€
larmhéid Tosaigh	18,000	11,000
Infhaighte i rith na bliana	<u>302,839</u>	<u>254,718</u>
	320,839	265,718
<u>Lúide</u>		
Leithdháilte d'Ioncam – Urraíocht	<u>(263,039)</u>	<u>(247,718)</u>
larmhéid Deiridh	<u>57,800</u>	<u>18,000</u>
6) ÚS INFHAIGHTE		
	2016	2015
	€	€
Ús bainc infhaighte	<u>142</u>	<u>110</u>

7) CLÁR EALAÍON

	2016	2015
	€	€
Fáltais Chláir	<u>135,746</u>	<u>137,492</u>
Costas Cláir		
Pá agus Tuarastail	919,232	881,740
Dímheas	49,900	48,288
Taispeántais:		
- Costais reatha	739,004	648,766
Bailiúchán Buan	132,312	150,197
Costais oideachais agus phobail	25,921	47,661
Oideachas - Táillí	<u>28,591</u>	<u>33,857</u>
	<u>1,894,960</u>	<u>1,810,509</u>
Glanchoistas	<u>1,759,214</u>	<u>1,673,017</u>

8) RIARACHÁN/COIMEÁDAÍOCHT/SLÁNDÁIL

	2016	2015
	€	€
Pá agus tuarastail	2,488,577	2,332,235
Muirir earcaíochta	0	11,149
Táillí comhairleoireachta - Acmhainní Daonna	16,909	0
Oiliúint	18,014	36,658
Postas agus guthán	39,578	42,411
Mótar agus taisteal	6,942	17,029
Suibscríbhinní	12,218	9,970

Táillí gairmiúla	55,333	40,667
Soláthairtí oifige agus páipéarachas	145,653	141,577
*Iomarcaíocht/socraíocht	0	25,058
Ilghnéitheach	12,443	8,149
Costais an tSiopa Caife/an Cheaintín	6,234	6,865
Cruinnithe Boird/Cónascadh	2,059	3,904
Costais na Stiúrthóirí	3,678	3,830
An Bord – Costais Chomhaltaí	528	853
Árachas	14,068	12,433
Glantachán	144,494	105,408
Slándáil	20,013	24,687
Dímheas	41,925	33,982
Foireann shealadach ghníomhaireachta	6,627	0
Táillí bainc	11,520	9,145
Sláinte agus sábháilteacht	<u>7,383</u>	<u>10,037</u>
	<u>3,054,196</u>	<u>2,876,047</u>

Rinneadh poist an chúntóra riaracháin sa rannóg coimeádaíochta agus

* Rinneadh bainisteoirí an tsiopa leabhar iomarcach i Márta 2014 agus Eanáir 2015, faoi seach.

Ní raibh aon duine de na daoine seo athfhostaithe in aon cháil laistigh den mhúsaem.

9) MARGAÍOCHT

	2016	2015
	€	€
Fógraíocht	55,309	69,886
Pá	43,579	23,828
Caidreamh poiblí	<u>31,272</u>	<u>20,105</u>

130,160 113,819

10) COTHABHÁIL

	2016	2015
	€	€
Slándáil	311,271	298,021
Pá Slándála	76,868	77,141
Gás	204,305	234,001
Leictreachas	263,994	236,911
Uisce	20,854	10,425
Glantachán	<u>24,772</u>	<u>21,595</u>
	<u>902,064</u>	<u>878,094</u>

11) FOSTAITHE AGUS LUACH SAOTHAIR

Ba é an meánlíon daoine a d'fhostaigh an chuideachta sa bhliain airgeadais 86 duine (2015 – 81) agus déantar anailís air sin sna catagóirí seo a leanas:

Coibhéisí lánaimseartha 121 (2015 - 129)

	2016	2015
Fleá agus Lónadóireacht	7	6
Clár	59	56
Riarachán	<u>20</u>	<u>19</u>
	<u>86</u>	<u>81</u>

Ba iad na costais foirne:

2016 **2015**

	€	€
<u>Pá agus Tuarastail</u>		
Nóta 4 Gníomhaíochtaí Tráchtála	150,852	112,314
Nóta 4 Gníomhaíochtaí Tráchtála - an Siopa Leabhar	81,497	71,289
Nóta 7 Clár Ealaíon	919,232	881,740
Nóta 8 Riarachán/Coimeádaíocht/Slándáil	2,488,577	2,332,235
Nóta 9 Margaíocht	43,579	23,828
Nóta 10 Cothabháil – Pá Slándála	<u>76,868</u>	<u>77,141</u>
Costais Iomlána Phá	<u>3,760,605</u>	<u>3,498,547</u>

Ba iad na Costais Foirne:

	2016	2015
	€	€
Pá agus Tuarastail	<u>3,416,374</u>	<u>3,176,897</u>
Costais Árachais Shóisialaigh	<u>344,231</u>	<u>321,650</u>
	<u>3,760,605</u>	<u>3,498,547</u>

In 2016, rinneadh €99,749 (2015: €121,090) de thobhach pinsin a asbhaint agus a íoc leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. Ba é tuarastal an Stiúrthóra €85,720 in 2016 (2015 - €85,720).

Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin an Stiúrthóra na teidlíochtaí caighdeánacha sa scéim aoisliúntais shochair shainithe de chuid na hearnála poiblí. Ní bhfuair an Stiúrthóir aon dámhachtain phá a bhain le feidhmíocht. Is féidir leis an Stiúrthóir an gluaisteán cuideachta a úsáid, ach ní hé an Stiúrthóir amháin a úsáideann an gluaisteán seo.

Ba iad na Líonta ECF ag deireadh na bliana 2016 68 (2015 - 67).

MIONDEALÚ AR SHOCHAIR FOSTAITHE

Réimse na sochar iomlán fostaithe	Líon na bhFostaithe 2016	Líon na bhFostaithe 2015
€60,000 - €69,999	6	5
€70,000 - €79,999	2	1
€80,000 - €89,999	1	1

12) SÓCMHAINNÍ OIDHREACTHA (SAOTHAIR EALAÍNE)

Faoi mar ar tugadh cuntas air i mBeartas Cuntasaíochta 1, aithníonn an Músaem gach sócmhainn oidhreachta a ceannaíodh nó a rinneadh a éadáil ón mbliain 1990 ar aghaidh. Tugtar na sócmhainní siúd anonn ar a gcostas ag dáta na héadála agus déantar coigeartú le haghaidh lagú sa chás gur gá. Leagtar amach na hidirbhearta don bhliain 2016 agus do na ceithre bliana cuntasaíochta roimhe sin thíos.

a) Ceannach agus Ceannach Cúnta	2016	2015
	€	€
Costas an 1 Eanáir	7,365,677	7,365,677
Faighte i rith na bliana	<u>124,294</u>	<u>0</u>
Costas an 31 Nollaig	<u>7,489,971</u>	<u>7,365,677</u>

Is ionann costas ceannaigh agus ceannach cúnta agus an costas ag dáta na héadála.

Ní thugann an Músaem faoi luacháil bhliantúil.

b) Alt 1003	2016	2015
-------------	------	------

	€	€
Luacháil amhail an 1 Eanáir	10,423,363	10,423,363
Breisiúcháin sa bhliain	<u>160,000</u>	<u>0</u>
Luacháil an 31 Nollaig	<u>10,583,363</u>	<u>10,423,363</u>

Faoi alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 is féidir roinnt dliteanais chánach a réiteach trí earraí tábhachtacha oidhreachta a thabhairt mar thabhartas do bhailiúchán sonraithe náisiúnta.

Déanann na Coimisinéirí Ioncaim an luach margaidh a mheasúnú ag tráth an tabhartais.

c) Ciste Oidhreachta

	2016	2015
	€	€
Luacháil amhail an 1 Eanáir	<u>1,300,000</u>	<u>1,300,000</u>
Luacháil an 31 Nollaig	<u>1,300,000</u>	<u>1,300,000</u>

Bunaíodh an Ciste Oidhreachta faoin Acht um Chiste Oidhreachta, 2001. Faoin gciste seo, fuairéamar trí shaothar ealaíne le James Coleman ar luach €1, 300,000

Saothair Ealaíne a Tugadh mar Thabhartas

	2016	2015
	€	€
Luacháil amhail an 1 Eanáir	<u>11,322,787</u>	<u>11,322,787</u>

Luacháil an 31 Nollaig

11,322,787

11,322,787

Dhearbhaigh saineolaithe inmheánacha luach iontaofa cóir le haghaidh na saothar ealaíne a tugadh mar thabhartas ag dáta na héadála, bunaithe ar cheann amháin nó níos mó den mhéid seo a leanas:

- (i) Luachanna scríofa a cuireadh i dtaifead ar dtús (sa chás gurb infheidhme) nuair a tháinig na saothair ealaíne go dtí ÁNEÉ ar dtús
- (ii) Luachanna ar a ndearnadh taighde trí leas a bhaint as Artnet, seirbhís luachála ar líne, ina ndéantar praghsanna a fhaightear ag na ceantanna agus na díolacháin go léir ar fud an domhain maidir leis an nua-ealaín agus an ealaín chomhaimseartha
- (iii) Comhairle ó dhánlanna, gníomhairí ealaíontóirí agus ó ealaíontóirí

	2016	2015
	€	€
SAOTHAIR IOMLÁNA EALAÍNE	<u>30,696,121</u>	<u>30,411,827</u>

Achoimre Airgeadais Cúig Bliana ar Idirbhearta Sócmhainn Oidhreachta

	2016	2015	2014	2013	2012
	€	€	€	€	€
Ceannach:					
Ealaín Ghrafach/Grianghrfach	-	-	-	770	-
Péintéireacht	-	-	-	-	7,961
Dealbhóireacht	6,000	-	3,972	-	-
Meáin Nua/Eile	37,375	-	-	3,000	5,151
Suiteáin	80,919	-	12,461	-	-
Iomlán	<u>124,294</u>	=	<u>16,433</u>	<u>3,770</u>	<u>13,112</u>
Alt 1003					
	-	-	-	-	-
Ciste Oidhreachta	160,000	-	-	-	-
Tabhartais:					
Ealaín Ghrafach/Grianghrfach	-	-	-	-	-
Péintéireacht	-	-	-	-	-
Dealbhóireacht	-	-	-	-	-
Meáin Nua/Eile	-	-	-	-	-
Suiteáin	-	-	-	-	-
Iomlán	<u>160,000</u>	-	-	-	-
Olliomlán	<u>284,294</u>	=	<u>16,433</u>	<u>3,770</u>	<u>13,112</u>

d) Sócmhainní a choimeádtar thar ceann tríú páirtithe

Iontaobhas Gordon Lambert

Luacháil 2,914,828

Bailiúchán Madden Arnholz

Luacháil 750,000

Baineann suimeanna a chuirtear san áireamh i Nóta 12(e) le sócmhainní a dhéanann ÁNEÉ a choimeád agus a chothabháil, nár bronnadh teideal dlíthiúil orthu go fóill. Fágadh as an áireamh iad ón ráiteas ar an Staid Airgeadais, mar dhea. Rinne Iontaobhas Carthanúil Nua-Ealaíne Gordon Lambert an luacháil a rinneadh ar Bhailiúchán Gordon Lambert nuair a rinneadh an Bailiúchán a thabhairt mar thabhartas do ÁNEÉ i 1992. In 2011, rinne Margairí Seandachtaí Caxton roinnt priontaí ó Bhailiúchán Madden Arnholz a luacháil.

13) **SÓCMHAINNÍ SEASTA**

	Mótarfheit hiclí	Troscán, Feistis agus Trealamh	Iomlán
	€	€	€
COSTAS			
Costas an 1 Eanáir 2016	22,555	1,352,856	1,375,411
Breisiúcháin	0	61,399	61,399
Diúscairtí	<u>0</u>	<u>-88,725</u>	<u>-88,725</u>
Costas an 31 Nollaig 2016	<u>22,555</u>	<u>1,325,530</u>	<u>1,348,085</u>

DÍMHEAS

Dímheas an 1 Eanáir 2016	22,555	1,149,076	1,171,631
Muirear don bhliain	0	129,445	129,445
Diúscairtí	<u>0</u>	<u>-88,725</u>	<u>-88,725</u>
Dímheas an 31 Nollaig 2016	<u>22,555</u>	<u>1,189,796</u>	<u>1,212,351</u>

GLANLUACH LEABHAR

An 31 Nollaig 2015	<u>0</u>	<u>203,780</u>	<u>203,780</u>
An 31 Nollaig 2016	<u>0</u>	<u>135,734</u>	<u>135,734</u>

Ní hionann an muirear dímheasa €99,827, faoi mar a nochtar i Nótaí 4, 7 agus 8 agus an muirear dímheasa a thaispeántar thuas, mar thoradh ar amúchadh an deontais chaipitil €29,618 agus déantar Nóta 2 a sheach-chur i gcoinne an mhuirir dhímheasa iomláin sa tréimhse.

14) FARDAL

	2016	2015
	€	€
Earraí a cuireadh i gcrích (Eagrán agus Catalóga)	<u>64,309</u>	<u>65,798</u>

15) INFHÁLTAIS

2016	2015
€	€

Féichiúnaithe trádála	127,066	68,822
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhráithe	<u>175,929</u>	<u>217,792</u>
	<u>302,995</u>	<u>286,614</u>

16) EARRÁÍ INÍOCTHA: suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin

	<i>Note</i>	2016	2015
		€	€
Creidiúnaithe Trádála		179,384	157,701
Fabhrúithe		449,986	241,842
Éarlais do Cheolchoirmeacha/Imeachtaí Amach Anseo		275,232	55,476
ÍMAT/ÁSPC		160,908	99,513
Cáin Shiarchoinneálach		1,118	520
Scéim asbhaintí aoisliúntais an Mhúsaeim *		349,134	443,371
Asbhaintí aoisliúntais fostóra atá iníoctha leis an RCOG agus an RCPA		28,019	27,180
Réamhíocaíocht urraíochta	5.	<u>57,800</u>	<u>18,000</u>
		<u>1,501,581</u>	<u>1,043,603</u>

Níor sholáthair ÁNEÉ aon slándáil maidir leis na creidiúnaithe thuas.

*Tá asbhaintí aoisliúntais €349,134 (2015 : €443,371)á gcoimeád ag Áras Nua-Ealaíne na hÉireann maidir leis na blianta ó 2001 go dtí 2010 (na blianta siúd san áireamh) lúide íocaíochtaí pinsin ó 2011 go dtí 2016 (na blianta siúd san áireamh) ar feithemh soiléiriú ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta.

B'ann do ranníocaíochtaí aoisliúntais fostaí in-aisíoctha €28,019 i dtaca leis an ráithe

dheiridh in 2016 (2015: €27,180). Níor íocadh na ranníocaíochtaí seo leis an Roinn CPA go dtí Meitheamh 2017.

17) TEAGMHAIS

Sholáthair an OOP an trádstóras/saoráid stórála ag Baile Dama in 2007. I dtosach, bhíomar i measc 3 thionónta agus ó 2010 ar aghaidh, ba sinne an t-aon áititheoir. In 2013, éilíodh orainn íoc as na billí iomlána gáis don tréimhse ó 2007 go dtí nach raibh ach sinn féin ann mar áititheoir. Rinneamar plé le Bord Gáis agus rinneadh comhaontú ar shocraíocht in 2017 ar €11,746 agus íocadh sin ina iomláine. Níor bhain aon chostas dlíthiúil nó gairmiúil leis an tsocraíocht.

18) CUNTAS CAIPITIL – SAOTHAIR EALAÍNE

	An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta	Ceannach Cuidithe	Tabhartais	Iomlán
	€	€	€	€
An 1 Eanáir 2016	<u>6,843,574</u>	<u>478,047</u>	<u>23,046,150</u>	<u>30,367,771</u>
Faighte sa bhliain	<u>70,000</u>	<u>35,000</u>	<u>160,000</u>	<u>265,000</u>
An 31 Nollaig 2016	<u>6,913,574</u>	<u>513,047</u>	<u>23,206,150</u>	<u>30,632,771</u>

Deonaíodh na suimeanna seo don chuideachta díreach ar mhaithe le saothair ealaíne a cheannach.

19) **COSTAIS SOCHAR SCOIR**

Anailís ar na costais iomlána sochar scoir a gearradh ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim

a) Coimeádta	2016	2015
	€	€
Muirear Seirbhíse	875,045	887,424
Ús ar Dhliteanais na Scéime Sochar Scoir	324,350	314,329
Ranníocaíochtaí Fostaí	<u>(125,248)</u>	<u>(105,532)</u>
	<u>1,074,147</u>	<u>1,096,221</u>

Anailís ar an tsuim a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

	2016	2015
	€	€
(Gnóthachan) ó thaithí ar dhliteanais scéime	(734,325)	596,997
Cailteanas/ (gnóthachan) ar athrú toimhdí (airgeadais agus déimeagrafacha)	<u>930,243</u>	<u>0</u>
	<u>195,918</u>	<u>596,997</u>

b) Gluaiseacht ar Ghlanoibleagáidí Sochar Scoir le linn na bliana airgeadais

	2016	2015
	€	€
Glanoibleagáid sochar scoir amhail an 1 Eanáir	(17,057,060)	(16,580,988)
Costas seirbhíse reatha	(875,045)	(887,424)
Íocaíochtaí Pinsin	94,237	128,684
Ús ar Dhliteanais Scéime	(324,350)	(314,329)

(Cailteanas)/gnóthachan achtúireach a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	<u>(195,918)</u>	<u>596,997</u>
Glanoibleagáidí sochair scoir an 31 Nollaig	<u>(18,358,136)</u>	<u>(17,057,060)</u>

c) Cistiú Iarchurtha do Shochair Scoir

Aithníonn an Músaem na suimeanna seo amhail bheith ina sócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas neamhchistithe le haghaidh pinsean ar bhonn sraith toimhdí a ndéantar cur síos orthu thíos, mar aon le líon imeachtaí roimhe seo. Áirítear leis na himeachtaí seo, an bonn reachtúil le bunú na scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i dtaca le pinsin seirbhíse poiblí a chistiú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ag fostaithe agus an próiseas bliantúil meastachán. Cé nach ann d'aon chomhaontú foirmiúil maidir leis na suimeanna sonracha seo leis an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, níl aon fhianaise ag an Músaem nach leanfaidh an beartas cistithe seo chun íoc as na suimeanna siúd faoi mar a bhíonn siad dlite i gcomhréir leis an gcleachtas reatha. B'ionann an tsócmhainn chistithe iarchurtha le haghaidh sochair scoir amhail an 31 Nollaig 2016 agus €18,358,136 (2015: €17,057,060).

Ba é seo a leanas an glanchistiú iarchurtha le haghaidh sochair scoir a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta

	2016	2015
	€	€
Cistiú atá inghnóthaithe maidir le costais phinsin na bliana reatha		
Costais na Seirbhíse Reatha	875,045	887,424
Ús ar dhliteanais scéime	324,350	314,329
Íocaíochtaí Pinsin	<u>(94,237)</u>	<u>(128,684)</u>
	<u>1,105,158</u>	<u>1,073,069</u>

d) Stair na ngnóthachan agus na gcaillteanas ó thaithí

2016	2015
€	€

Stair na ngnóthachan agus na gcaillteanas ó thaithí	(734,325)	(596,997)
Céatadán de luach reatha dhliteanais na scéime	(4%)	(3%)
Caillteanas/(gnóthachan) iomlán a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	195,918	(596,997)
Céatadán de luach reatha dhliteanais na scéime	1%	(4%)

e) Cur Síos ar an Scéim

Oibríonn an Músaem scéim aoisliúntais sochair shainithe ranníocach dá fhostaithe a tugadh isteach le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2001. Tá an scéim atá á hullmhú don Mhúsaem mar an gcéanna leis an Scéim Aoisliúntais Ghairme do Státseirbhísigh Bhunaithe, is scéim le sochar sainithe í agus tá sí á hoibriú ar bhonn “íoc mar a thuillir”. Asbhaintear na ranníocaíochtaí ó thuarastail. Ar feitheamh ar an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta le cinneadh a dhéanamh faoi conas atáthar le déileáil le ranníocaíochtaí, cuireadh san áireamh iad i gcreidiúnaithe.

Thug achtúire neamhspleách faoin luacháil ar an scéim sochair shainithe ar mhaithe le nochtadh FRS 102 d’fhonn measúnú a dhéanamh ar na dliteanais amhail an 31 Nollaig 2015. Seo a leanas na toimhdí airgeadais a úsáideadh chun dliteanais agus comhábhair scoir an chostais sochair shainithe a ríomh:

Modh Luachála	2016	2015
	%	%
Ráta Lascaine	1.70	1.90
Méaduithe Tuarastail	3.00	3.00
Méaduithe Pinsin	3.00	3.00
Méaduithe Boilscithe	2.00	1.50

Cuireann an bonn mortlaíochta a glacadh feabhsúcháin ar ionchas saoil le himeachta ama san áireamh, ionas go mbraithfidh ionchas saoil ar an mbliain ina mbaineann comhalta aois scoir amach (aois 65). Léirítear sa tábla thíos an t-ionchas saoil le haghaidh comhaltaí atá 45 agus 65 bliain d’aois faoi láthair.

Ionchas Saoil d’Fhear aois 65	22.2 bliain
Ionchas Saoil do Bhean aois 65	23.8 bliain
Ionchas Saoil d’Fhear aois 45 bliain anois (ó 65 bliain d’aois ar aghaidh)	24.5 bliain
Ionchas Saoil do Bhean aois 45 bliain anois (ó 65 bliain d’aois ar aghaidh)	25.7 bliain

20) LEASANNA CHOMHALTAÍ AN BHOIRD

Ghlac an Bord le nósanna imeachta i gcomhréir le treoirlínte a d’eisigh an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasanna ag Comhaltaí Boird agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo sa bhliain. Níorbh ann d’aon idirbhearta sa bhliain maidir le gníomhaíochtaí an Bhoird ina raibh aon leas tairbhiúil ag na Comhaltaí Boird.

21) LUACHANNA SAOTHAIR CHOMHALTAÍ AN BHOIRD

Comhalta Boird	Táillí Boird	Costais Dheimhnithe	Cruinnithe ar ar Freastalaíodh
David Harvey (Cathaoirleach)	-	-	9/9
Mary Apied	-	-	9/9
Gerard Byrne	-	-	7/9
Jane Dillon-Byrne	-	-	9/9
Dermod Dwyer	-	-	6/9
Emma Goltz	-	-	8/9
Denis Hickie	-	-	5/9
Penelope Kenny	-	-	9/9
Mary McCarthy	-	528	5/9
Declan Moylan	-	-	8/9

Sheila O'Regan	-	-	3/9
Tim Scanlon	-	-	8/9

Tá Cathaoirleach an Bhoird i dteideal táille a fháil faoi “táillí iníoctha le comhaltaí bhoird Chomhlachtaí Seirbhíse Poiblí neamhthráchtála”. Tharscaoil an Cathaoirleach an táille ó 2010 go dtí 2015, na blianta siúd san áireamh. Níl Stiúrthóirí an Bhoird i dteideal aon táillí a fháil.

22) NOCHTADH AG PÁIRTITHE GAOLMHARA

Is éard atá sa phríomhphearsanra bainistíochta in Áras Nua-Ealaíne na hÉireann an POF agus comhaltaí Bhord na Stiúrthóirí. B'ionann an cúiteamh iomlán a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta, táillí agus costais Chomhaltaí an Bhoird agus luach saothair iomlán an POF, agus €86,248 (2015: €86,573).

23) FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais an 8 Bealtaine 2017

